




Bileog faisnéise

Nós imeachta práinne um réamhrialú agus nós imeachta brostaithe

Réamhrá

Chun próiseáil nós sciobtha a éascú i gcásanna inar gá, foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 23a de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh: ¹

‘Féadfar a fhoráil leis na Rialacha Nós Imeachta do nós imeachta brostaithe agus, i gcás tarchur chun réamhrialú a bhaineann leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, do nós imeachta práinne.

Féadfar a fhoráil leis na nósanna imeachta sin, maidir le ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a thíolacadh, do thréimhse is giorra ná an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 23, agus, de mhaolú ar an gceathrú mír d’Airteagal 20, féadfar a fhoráil leo go gcinnefar an cás gan aighneacht ón Abhcóide Ginearálta.

Chomh maith leis sin, féadfar a fhoráil leis an nós imeachta práinne do shrianadh a dhéanamh ar na páirtithe agus ar na daoine leasmhara eile a luaitear in Airteagal 23, a n-údaraítear dóibh ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a thíolacadh agus, i gcásanna deargphráinne, féadfar a fhoráil go bhfágfaí céim scríbhinne an nós imeachta ar lár.’

Maidir leis an nós imeachta brostaithe, tá sé ann ó 2000 agus tá sé á rialú anois, ar thaobh amháin, le hAirteagail 105 *et seq.* de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais ² sa mhéid a bhaineann le tarchur chun réamhrialú agus, ar an taobh eile, le hAirteagail 133 *et seq.* de na Rialacha sin sa mhéid a bhaineann le caingne díreacha. ³ Féadfar an nós imeachta brostaithe a chur i bhfeidhm is cuma cén saghas nós imeachta atá ann, fad is atá gá ann an cás a phróiseáil laistigh de thréimhse ghearr ama. ⁴

Is í an chúirt a dhéanann an tarchur an iarrann go gcuirfí cás faoi réir nós imeachta brostaithe i gcomhthéacs tarchur chun réamhrialú, agus is é an t-iarratasóir nó an cosantóir a dhéanann an t-iarratas sin i gcás caingean díreach. Is é Uachtarán na Cúirte a dhéanann cinneadh ina leith, tar éis dó éisteacht leis an mBreitheamh is Rapóirtéir, leis an Abhcóide Ginearálta agus, más infheidhme, leis an bpáirtí eile sna himeachtaí. I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh Uachtarán na Cúirte cinneadh a dhéanamh uaidh féin nós imeachta brostaithe a chur i bhfeidhm. Is i bhfoirm ordú ó Uachtarán na Cúirte a thagann cinneadh nós imeachta brostaithe a fhormheas nó a dhíbhe. Idir mí Eanáir 2019 agus mí an Mheithimh 2023, áfach, in éagmais cinnidh arna dhéanamh trí mheán

¹ [Leagan comhdhlúite de Phrótaocal \(Uimh. 3\) ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh](#), atá curtha i gceangal leis na conarthaí, arna leasú.

² Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais an 25 Meán Fómhair 2012 (IO 2012 L 265, Ich. 1), arna leasú an 18 Meitheamh 2013 (IO 2013 L 173, Ich. 65), an 19 Iúil 2016 (IO 2016 L 217, Ich. 69), an 9 Aibreán 2019 (IO 2019 L 111, Ich. 73) agus an 26 Samhain 2019 (IO 2019 L 316, Ich. 103) agus an 2 Iúil 2024 (IO L, 2024/2094).

³ I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforáiltear le hAirteagal 151 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta an 4 Márta 2015 (IO 2015 L 105, Ich. 1) le haghaidh nós imeachta brostaithe, ‘ag féachaint don phráinn faoi leith agus d’imthosca an cháis’.

⁴ I nua-Rialacha Nós Imeachta na Cúirte cuireadh an abairt ‘laistigh d’achar gearr ama’ in ionad ‘a ngabhann deargphráinn leis’, abairt a bhí sna sean-Rialacha.

orduithe, ní raibh na cúiseanna le cinneadh chun formheas nó chun diúltú ar fáil ach sa chinneadh críochnaitheach.

Maidir leis an nós imeachta práinne um réamhrialú, is le déanaí atá sé sin tagtha chun cinn ós rud é gur cruthaíodh é in 2008, mar gheall ar fhorbairt i gcumhachtaí an Aontais agus i gcumhachtaí na Cúirte i ndáil leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais. Toisc go bhfuil íogaireacht ar leith ag gabháil leis an réimse sin, bhíothas ag ceapadh nár mhór nós imeachta sonrach um maolú a bhunú lena bhféadfaí na leasanna atá i gceist a chosaint dá mbeadh gá leis sin. Dá réir sin, murab ionann agus an nós imeachta brostaithe, a chuirtear i bhfeidhm i ngach aon réimse de dhlí an Aontais agus in aon chineál nós imeachta, ní bhaineann an nós imeachta práinne, atá á rialú le hAirteagail 107 *et seq.* de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte, ach le tarchur chun réamhrialú a bhaineann leis na réimsí a chumhdaítear i dTeideal V de Chuid III den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), maidir leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais.

Maidir leis an gcinneadh chun glacadh le hiarratas ón gcúirt a dhéanann an tarchur go gcuirfí nós imeachta práinne i bhfeidhm ar an gcás, nó chun é a dhíbhe, is dlísheomra arna cheapadh chuige sin a dhéanann agus ní thugtar cúiseanna ina leith. Má ghlactar leis an iarratas ar nós imeachta práinne, áfach, is minic a dhéanann an Chúirt aithris, agus í ag tabhairt rialú maidir leis an substaint, ar argóintí na cúirte a rinne an tarchur a bhí mar údar leis an iarratas ar nós imeachta práinne. Ina theannta sin, i gcás nach ndéanann an chúirt a rinne an tarchur iarraidh ar nós imeachta práinne um réamhrialú, ach gur cosúil *prima facie* go bhfuil an nós imeachta sin ag teastáil, féadfaidh Uachtarán na Cúirte an t-ábhar a tharchur chuig an Dlísheomra inniúil chun scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá ann chun déileáil leis an tarchur faoin nós imeachta práinne um réamhrialú, a bhfhéadfadh sé é a chur i bhfeidhm uaidh féin ina dhiaidh sin.

Ba cheart a mheabhrú arís nach leagtar amach go mion sna téacsanna lena rialaítear an nós imeachta brostaithe agus an nós imeachta práinne le haghaidh réamhrialú cé na himthosca faoina bhféadfaí na nósanna imeachta sin a chur i bhfeidhm. I ndáil leis sin, ní luaitear cás inar gá don Chúirt rialú a thabhairt 'a luaithe is féidir' ach sa cheathrú mír d'Airteagal 267 de CFAE, eadhon an cás ina gcuirtear ceist le haghaidh réamhrialú a bhaineann le duine atá faoi choinneáil. In éagmais aon treoracha eile, tá an bhileog seo beartaithe chun cur i láthair a dhéanamh ar chásanna ónar léir na nósanna imeachta atá in úsáid ag an gCúirt agus ónar féidir tuiscint a fháil ar na cúiseanna is údar le nós imeachta práinne nó nós imeachta brostaithe a chur i bhfeidhm.

Ós in 2019 a cuireadh an chéad bhileog le chéile, tá an t-uasdátú seo beartaithe chun an rogha reatha a fhorlíonadh le 15 chinneadh a tháinig chun cinn le déanaí, ina bhfuil 10 gcinn acu a bhaineann leis an nós imeachta práinne um réamhrialú agus 5 cinn a bhaineann leis an nós imeachta brostaithe, ina bhfuil neart soiléirithe maidir leis an dá nós imeachta sin a chur i bhfeidhm.

Liosta na nAchtanna dá dtagraítear

COINBHINSIÚN

Coinbhinsiún arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le Leasanna Airgeadais na gComhphobal Eorpach a Chosaint, arna shíniú sa Bhruiséil an 26 Iúil 1995, agus a ghabhann le Gníomh ón gComhairle an 26 Iúil 1995 (IO 1995 C 316, Ich. 48).

RIALACHÁIN

Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ón gComhairle an 27 Samhain 2003, maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas faoi ábhair maidir le pósadh agus freagracht tuismitheora, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1347/2000 (IO 2003 L 338, Ich. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le réamhtheachtaithe drugaí (IO 2004 L 47, Ich. 1), arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 1258/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 (IO 2013 L 330, Ich. 21).

Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO 2009 L 243, Ich. 1, agus ceartúcháin (IO 2013 L 154, Ich. 10), arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 610/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 (IO 2013 L 182, Ich. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013, lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú) (IO 2013 L 180, Ich. 31).

TREORACHA

Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO 1992 L 206, Ich. 7).

Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, Ich. 29).

Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001, maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an

duine (IO 2001 L 311, lch. 67), arna leasú le Treoir 2004/27/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 (IO 2004 L 136, lch. 34).

Treoir 2003/86/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir leis an gceart chun athaontú teaghlaigh, (IO 2003 L 251, lch. 12).

Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarma iad (IO 2004 L 16, lch. 44).

Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tíortha atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO 2008 L 348, lch. 98).

Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009, maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO 2010 L 20, p. 7).

Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011, maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhith de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar (athmhúnlú) (IO 2011 L 337, lch. 9, 'an Treoir maidir le Cáilitheacht').

Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013, maidir leis na nósanna imeachta coiteanna chun stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO 2013 L 180, lch. 60).

Treoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin maidir le glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (athmhúnlú) (IO 2013 L 180, lch. 96).

CINNÍ

Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1).

Cinneadh Réime 2006/928/CE ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2006, lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin ar dhul chun cinn sa Rómáin chun aghaidh a thabhairt ar thagarmharcanna sonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe (IO 2006 L 354, lch. 56).

Cinneadh 2011/199/AE ón gComhairle Eorpach an 25 Márta 2011 lena leasaítear Airteagal 136 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le sásra cobhsaíochta le haghaidh na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu (IO 2011 L 91, lch. 1).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/789 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2015, maidir le bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh *Xylella fastidiosa* (Wells *et al.*) laistigh den Aontas (IO 2015 L 125, lch. 36).

Table des matières

RÉAMHRÁ.....	3
LIOSTA NA NÁCHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR	5
I. AN NÓS IMEACHTA PRÁINNE UM RÉAMHRIALÚ	9
1. Raon feidhme an nós imeachta práinne	9
2. Na cúiseanna is údar le nós imeachta práinne um réamhrialú a chur i bhfeidhm	11
2.1 An baol go dtiocfaidh meath ar an gcaidreamh tuismitheora-linbh	11
2.2 Saoirse a bhaint.....	17
2.3 An baol go sárófar cearta bunúsacha	28
II. AN NÓS IMEACHTA BROSTAITHE	35
1. Na cúiseanna is údar le nós imeachta brostaithe a chur i bhfeidhm	35
1.1 Cineál agus íogaireacht an réimse lena mbaineann an léiriú a ndéantar an tarchur chun réamhrialú ina leith	35
1.2 Tromchúis ar leith na neamhchinnteachta dlíthiúla lena mbaineann an tarchur chun réamhrialú	36
1.3 Saoirse a bhaint den iarratasóir	44
1.4 Tionchar ar an teaghlach	46
1.5 An baol go sárófar cearta bunúsacha	47
1.6 Bochtaineacht ábharach.....	52
1.7 An baol go ndéanfar damáiste tromchúiseach don chomhshaol	53
1.8 An baol go mbeidh saoirse ó phionós i líon mór cásanna	55
2. An ceangal idir an nós imeachta brostaithe I gcaingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh agus bearta idirlinne.....	57

I. An Nós Imeachta Práinne um Réamhrialú

1. Raon feidhme an nós imeachta práinne

Ordú an 22 Feabhra 2008, Kozłowski (C-66/08, [EU:C:2008:116](#)) ⁵

‘Nós imeachta brostaithe’

Sa chás seo, arna thionscnamh i mí Feabhra, 2008, d'iarr Oberlandesgericht Stuttgart (an Ard-Chúirt Réigiúnach, Stuttgart, an Ghearmáin) ar an gCúirt an tarchur chun réamhrialú a chur faoi réir nós imeachta práinne um réamhrialú (PPU), ar an bhforas gur ghearr go dtiocfadh deireadh le tréimhse choinneála don iarratasóir ar chríocha na Gearmáine agus, thairis sin, go bhféadfaí go mbeadh sé scaoilte saor go luath.

Thug Uachtarán na Cúirte faoi deara nach mbeadh feidhm ag na hAirteagail de na Rialacha Nós Imeachta lena bhforáiltear do PPU, ar iarr an chúirt a rinne an tarchur go gcuirfí i bhfeidhm iad roimh ré, go dtí an 1 Márta 2008. Dá réir sin, a mhéid a tionscnaíodh an cás sin roimh an dáta sin, ní fhéadfadh sé a bheith curtha faoi réir PPU. Mar sin féin, chinn Uachtarán na Cúirte, mar gheall ar mheon an chomhair idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, nár mhór léiriú a dhéanamh ar an iarraidh ar PPU amhail go raibh iarratas á dhéanamh ar laghdú suntasach ar fhad na tréimhse chun an cás sin a phróiseáil agus é a mheas mar iarradh ar nós imeachta brostaithe um réamhrialú (PPU). ⁶

Ordú an 6 Bealtaine 2014, G. (C-181/14, [EU:C:2014:740](#))

‘Nós imeachta brostaithe’

Sa chás seo, tionscnaíodh imeachtaí coiriúla sa Ghearmáin i gcoinne duine a raibh meascáin phlandaí á ndíol aige ina raibh cannaibionóidigh shintéiseacha. Tráth na bhfóras (idir 2010 agus 2011), ní raibh na substaintí sin cumhdaithe faoi dhlí na Gearmáine maidir le drugaí támhshuanacha, ⁷ cé go raibh an reachtaíocht maidir le tairgí leighis a thrádáil, ⁸ lena ndéantar Treoir 2001/83 a thrasú, ⁹ curtha i bhfeidhm ag Landgericht Itzehoe (Cúirt Réigiúnach Itzehoe, an Ghearmáin). Mheas sí dá bhrí sin gurbh ionann díol na dtairgí sin agus an chóir de thairgí leighis contúirteacha a dhíol agus, dá bharr, d'fhorchur sí téarma príosúnachta ar an duine lena mbaineann.

⁵ Féach freisin breithiúnas an 17 Iúil 2008 (an Mór-Dlísheomra), Kozłowski (C-66/08, [EU:C:2008:437](#)).

⁶ Féach thíos, i gCuid II den Bhileog seo dar teideal ‘an Nós Imeachta Brostaithe’ Roinn 1.1. ‘Cineál agus íogaireacht an réimse lena mbaineann an léiriú a ndéantar an tarchur chun réamhrialú ina leith’.

⁷ Betäubungsmittelgesetz (an Dlí maidir le drugaí támhshuanacha).

⁸ Gesetz zur Änderung arzneimittelrechtlicher und anderer Vorschriften (an dlí maidir le tairgí leighis a thrádáil) an 17 Iúil 2009 (BGBl. 2009 I, I, 1990).

⁹ Treoir 2001/83/CE.

Mheas an Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme, an Ghearmáin), agus achomharc ar phointe dlí os a comhair, go raibh réiteach an cháis sna príomhimeachtaí ag brath ar an gceist an bhféadfaí na táirgí a bhí i gceist a aicmiú mar ‘tháirgí leighis’ de réir bhrí Threoir 2001/83. Dá réir sin, chuir sí ceist ar an gCúirt ina leith sin. Thairis sin, d’iarr sí go gcuirfí PPU i bhfeidhm agus í ag cur in iúl, dá ndéarfadh an Chúirt nach raibh táirgí leighis i gceist leo, nach bhféadfadh an duine lenar bhain an cás a bheith faoi dhliteanas coiriúil, sa chaoi go mbeadh sé faoi choinneáil go neamhdhleathach.

Chinn an Chúirt nár ghá PPU a chur i bhfeidhm ar an bhforas gur glacadh Treoir 2001/83 ar bhonn Airteagal 95 CE, arb é Airteagal 114 CFAE anois é, a thagann faoi Theideal VII den tríú cuid de CFAE. Ní bhaineann PPU ach le tarchur chun réamhrialú a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na réimsí dá dtagraítear i dTeideal V den tríú cuid de CFAE. Chinn Uachtarán na Cúirte uaidh féin, áfach, gur cheart an cás a phróiseáil faoi PPA.¹⁰

Ordú an 1 Nollaig 2023, EV (Réamhtheachtaithe drugaí) (C-174/22, [EU:C:2023:947](#))

‘Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte – Réamhtheachtaithe drugaí – Cinneadh Réime 2004/757/CGB – Airteagal 2(1)(d) – An duine a bhfuil baint aige le hiompar agus dáileadh réamhtheachtaithe a úsáidtear chun drugaí a tháirgeadh nó a mhonarú go haindleathach – Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 – Substaintí aicmithe – Airteagal 2 – An coincheap “oibreoir” – Airteagal 8(1) – Gnéithe lena dtugtar le fios go bhféadfar substaintí sceidealaithe a atreorú le haghaidh monarú aindleathach drugaí támhshuanacha nó substaintí síceatrópacha – Oibleagáid chun fógra a thabhairt faoi na heilimintí sin – An coincheap “eilimint” – Raon feidhme’

In 2018, nuair a ghabh póilíní Varna (an Bhulgáir) EV, fuarthas amach, *inter alia*, go raibh tolúéin ina sheilbh aige, eadhon substaint a úsáidtear chun meitiolamfataimín a mhonarú. Ina dhiaidh sin, dhearbhaigh Okrazhen sad-Varna (an Chúirt Dúiche, Varna, an Bhulgáir) go raibh EV ciontach as réamhtheachtaithe drugaí a shealbhú gan údarú cuí chun iad a dháileadh, agus d’fhorchur sí dhá bhliain sa phríosún air chomh maith le fíneáil BGN 20000 (thart ar EUR 10200). Thug EV achomharc os comhair Varhoven kasatsionen sad (an Ard-Chúirt Achomhairc, an Bhulgáir) agus é ag áitiú, *inter alia*, nach bhféadfaí gurbh ionann an ghníomh a cuireadh ina leith agus an cion sin. Go sonrach, d’áitigh sé gur substaint í tolúéin a thagann faoi Chatagóir 3 d’Iarscríbhinn I le Rialachán Uimh. 273/2004 nach gá comhaontú a fháil ná clárú lena shealbhú. Is sa chomhthéacs sin, agus ceisteanna aici maidir le léiriú ar Rialachán Uimh. 273/2004, a chinn an Varhoven kasatsionen sad (an Ard-Chúirt Achomhairc) ceist a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú. Ina theannta sin, d’iarr sí go gcuirfí PPU i bhfeidhm.

Amhail i gCás G. (C-181/14, [EU:C:2014:740](#)), dá dtagraítear thuas, rinne an Chúirt an t-iarratas sin a dhíbhe, ar an bhforas gur tháinig Rialachán Uimh. 273/2004, ar iarraidh

¹⁰ Féach thíos, i gCuid II den bhileog seo, dar teideal ‘an Nós Imeachta Brostaithe’, Roinn 1.2. ‘Tromchúis ar leith na neamhchinnteachta dlíthiúla lena mbaineann an tarchur chun réamhrialú’.

ar an gCúirt rialú a thabhairt ina leith, faoi Theideal VII den tríú cuid de CFAE, cé nach mbaineann an nós imeachta práinne um réamhrialú ach le tarchur chun réamhrialú maidir le ceist amháin nó le breis is ceist amháin a bhaineann leis na réimsí dá dtagraítear i dTeideal V de, maidir leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais.

2. Na cúiseanna is údar le nós imeachta práinne um réamhrialú a chur i bhfeidhm

2.1 An baol go dtiocfaidh meath ar an gcaidreamh tuismitheora-linbh

Breithiúnas an 22 Nollaig 2010, Aguirre Zarraga (C-491/10 PPU, [EU:C:2010:828](#))

‘Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 – Dlíne, aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus freagracht tuismitheora – Freagracht tuismitheoireachta – Cearta coimeádta – Leanbh a fhuadach – Airteagal 42 – Cinneadh dheimhnithe a fhorfheidhmiú lena n-ordaítear leanbh a thabhairt ar ais arna eisiúint ag cúirt (na Spáinne) a bhfuil dlínse aici – Dlíne na cúirte inniúla (de chuid na Gearmáine) chun diúltú an cinneadh lena mbaineann a fhorghníomhú i gcás sárú tromchúiseach ar chearta an linbh’

Sa chás sin, thionscain náisiúnach de chuid na Spáinne agus náisiúnach de chuid na Gearmáine, ar tuismitheoirí d’iníon óg iad, imeachta colscartha sa Spáinn, arb í gnátháit chónaithe den teaghlach a bhí acu. Sa chomhthéacs sin bronnadh cearta coimeádta eisiacha i leith na hiníne ar an athair ar bhonn sealadach, arb é ab fhearr chun a áirithiú go ndéanfaí timpeallacht teaghlaigh an linbh a chaomhnú de réir dealraimh ós rud é go raibh sé curtha in iúl ag an máthair gur theastaigh uaithi cur fúithi sa Ghearmáin lena páirtí nua. Tar éis di an samhraidh a chaitheamh sa Spáinn ag teach nua a máthar, áfach, níor fhill an leanbh ar an Spáinn. Thionscain na tuismitheoirí neart imeachtaí dá réir sin, sa Spáinn agus sa Ghearmáin araon, lena iarradh faoi seach go dtabharfaí an leanbh ar ais chuig an Spáinn, go ndéanfaí cinntí na Spáinne a aithint agus a fhorghníomhú sa Ghearmáin, agus go ndéanfaí na cearta coimeádta a bhronnadh go cinntitheach.

Sa chomhthéacs sin chuir Oberlandesgericht Celle (Ard-Chúirt Réigiúnach Celle, an Ghearmáin) neart ceisteanna ar an gCúirt maidir le léiriú a dhéanamh ar Airteagal 42, dar teideal ‘Filleadh an linbh’, de Rialachán Uimh. 2201/2003.¹¹

Chinn an Chúirt uaithi féin an tarchur chun réamhrialú a phróiseáil faoi PPU. I ndáil leis sin, thug sí dá haire gur ghlac sí cheana leis an bpráinn a ghabhann le rialú a thabhairt i gcásanna a bhaineann le haistriú linbh, go háirithe i gcásanna inar dócha, toisc gur scaradh leanbh ón tuismitheoir ar bronnadh cearta coimeádta uirthi nó air cheana, fiú

¹¹ Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003.

más ar bhonn sealadach a bronnadh, go dtiocfadh meath ar a gcaidreamh nó go ndéanfaí dochar don chaidreamh, agus díobháil síceolaíoch á déanamh ar an gcaoi sin. Agus an cásdlí sin á chur i bhfeidhm aici ar an gcás a bhí os a comhair, thug an Chúirt dá haire go raibh an leanbh lena mbaineann scartha óna hathair le breis is dhá bhliain agus, toisc iad a bheith scoilte óna chéile agus toisc go raibh teannas idir na tuismitheoirí, go raibh riosca tromchúiseach iarbhir ann nach mbeadh teagmháil ar bith ann lena hathair fad is a bhí an nós imeachta ar bun os comhair na cúirte a rinne an tarchur. Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, sna himthosca sin, dá mbainfí úsáid as an ngnáthnós imeachta, d'fhéadfaí go ndéanfaí dochar tromchúiseach, nach bhféadfaí a leigheas fiú, b'fhéidir, don chaidreamh idir an athair agus an iníon, agus gur mhó an baol ina mbeadh imeascadh an linbh ina timpeallacht teaghlaigh agus ina timpeallacht shóisialta dá bhfillfeadh sí ar an Spáinn.

Breithiúnas an 22 Nollaig 2010, Mercredi (C-497/10 PPU, [EU:C:2010:829](#))

‘Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 – Ábhair maidir le pósadh agus freagracht tuismitheora – Leanbh tuismitheoirí gan pósadh – An coincheap “gnátháit chónaithe” naíonáin – An coincheap “cearta coimeádta”

Díospóid idir náisiúnach de chuid na Fraince agus náisiúnach de chuid na Breataine a bhí i gceist sna príomhimeachtaí, i ndáil le caomhnóireacht ar a n-iníon. Sa chás sin, nuair a bhí an leanbh dhá mhí d’aois, d’imigh an mháthair ón Ríocht Aontaithe in éineacht leis an leanbh, arb í gnátháit chónaithe an linbh, chun dul chuig Île de la Réunion (an Fhrainc), gan an athair a chur ar an eolas ina leith roimh ré. Bhí an t-aistriú sin dleathach, áfach, ós rud é gur ag an máthair agus aici sin amháin a bhí na cearta coimeádta ag an uair sin. Ina dhiaidh sin, thionscain na tuismitheoirí caingne sa Ríocht Aontaithe agus sa Fhrainc agus iad ag iarraidh, go háirithe, go ndéanfaí an fhreagracht tuismitheoireachta a bhronnadh agus go ndéanfaí gnátháit chónaithe an linbh a shocrú. I ndáil leis sin, cé gur rialaigh Cúirt de chuid na Fraince i bhfabhar na máthar ar na pointí sin, mheas an Court of Appeal (England & Wales) (Civil Division) (an Chúirt Achomhairc (Sasana agus an Bhreatain Bheag) (Rannóg Shibhialta), an Ríocht Aontaithe), nár mhór a fháil amach cén chúirt a raibh dlínse aici faoi dhlí an Aontais agus, chuige sin, go dtabharfadh an Chúirt Bhreithiúnais soiléirithe maidir leis na critéir dá bhforáiltear in Airteagail 8 agus 10 de Rialachán Uimh. 2201/2003, faoina bhféadfaí gnátháit chónaithe an linbh a chinneadh.

Dá réir sin rinne an chúirt sin tarchur chun réamhrialú chuig an gCúirt agus d’iarr sí go gcuirfí PPU i bhfeidhm. Mar thaca lena hiarratas, chuir sí in iúl, ós rud é nár sainithníodh cén chúirt a raibh dlínse aici, nárbh fhéidir déileáil leis na hiarratais ón athair ar ordú lena gcuirfí ar a chumas a chaidreamh a chaomhnú lena leanbh. Chinn an Chúirt PPU a chur i bhfeidhm agus í ag cur béim ar an bhfíoras gur bhain an cás sin le leanbh d’aon bhliain agus ceithre mhí d’aois a bhí scartha óna hathair le breis is bliain. Dar leis an gCúirt, ós rud é go raibh an leanbh ag aois a bhí íogair ó thaobh a forbartha

de, dá leanfaí ar aghaidh le cúrsaí mar sin, agus an leanbh i bhfad as láthair óna hathair, thairis sin, d'fhéadfaí go mbeadh dochar tromchúiseach á dhéanamh dá gcaidreamh sa todhchaí.

Breithiúnas an 26 Aibreán 2012, Health Service Executive (C-92/12 PPU, [EU:C:2012:255](#))

'Dlínse, aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus freagracht tuismitheora – Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 – Leanbh a bhfuil gnáthchónaí air/uirthi in Éirinn, áit inar cuireadh an leanbh faoi chúram go minic – Iompar ionsaitheach atá contúirteach don leanbh féin – Cinneadh an leanbh a chur in institiúid chúraim shlán i Sasana– Raon feidhme ábhartha an Rialacháin – Airteagal 56 – Nósanna imeachta maidir le comhairliúchán agus toiliú – Oibleagáid an cinneadh chun an leanbh a chur in institiúid chúraim shlán a aithint nó a dhearbhu a bheith in-fhorfheidhmithe – Bearta sealadacha – Nós imeachta práinne um réamhrialú'

Sa chás seo, d'ordaigh an Ard-Chúirt, agus caingean os a comhair ó FSS, a bhí freagrach as leanaí atá faoi chúram an Stáit in Éirinn ag an uair sin, go gcuirfí leanbh Éireannach in institiúid chúraim shlán sa Ríocht Aontaithe, tír ina raibh cónaí ar a máthair. Mheas gairmithe cúraim sláinte nach raibh aon institiúid in Éirinn ina bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha cosanta an linbh sin.

Agus rialú le tabhairt aici maidir leis an leanbh a choimeád san institiúid lena mbaineann, d'fhiafraigh an Ard-Chúirt den Chúirt Bhreithiúnais ar tháinig an cinneadh a ghlac sí faoi raon feidhme Rialachán Uimh. 2201/2003 agus ar ghá, sula ndéanfaí an cinneadh a fhorghníomhú sa Bhallstát ar iarraidh air é sin a dhéanamh, an cinneadh sin a aithint agus a dhearbhu a bheith in-fhorfheidhmithe sa Bhallstát sin.

D'iarr an Chúirt sin freisin go gcuirfí PPU i bhfeidhm, agus ghlac an Chúirt Bhreithiúnais leis an iarratas sin. I ndáil leis sin, chuir an Ard-Chúirt in iúl, ar thaobh amháin, go raibh an leanbh faoi choinneáil in éadan a tola in institiúid chúram shlán chun í a chosaint. Ar an taobh eile, chuir sí in iúl go raibh a dlínse féin ag brath ar infheidhmeacht Rialachán Uimh. 2201/2003 sna príomhimeachtaí agus, dá réir sin, ar an bhfreagra ar na ceistanna arna dtarchur chun réamhrialú. Thairis sin, i ndiaidh iarraidh ar shoiléiriú ón gCúirt Bhreithiúnais,¹² chuir an Ard-Chúirt in iúl go raibh bearta práinneacha ag teastáil i bhfianaise an staid ina raibh an leanbh. Ba ghearr go mbeadh lán-aois bainte amach aici agus ní thiocfadh sí faoi dhlínse na hArd-Cúirte ón bpointe sin ar aghaidh. Thairis sin, mar gheall ar an gcaoi a bhí uirthi, níor mhór í a chur in institiúid chúraim shlán ar feadh scaitreamh beag, agus scéim a chur i bhfeidhm ina mbeadh saoirse struchtúrtha ag forbairt de réir a chéile sa chaoi go mbeadh sí socraithe lena muintir i Sasana.

¹² Iarratas arna dhéanamh ar bhonn Airteagal 104(5) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte (arb é Airteagal 101(1) den Rialachán sin ón 25 Meán Fómhair 2012 ar aghaidh).

Ordú an 10 Aibreán 2018, CV (C-85/18 PPU, [EU:C:2018:220](#))

‘Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – Dlínse in ábhair a bhaineann le freagracht tuismitheoireachta – Coimeád an linbh – Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 – Airteagail 8, 10 agus 13 – An coincheap “gnátháit chónaithe” an linbh– Cinneadh ó chúirt de chuid Ballstáit eile maidir le háit chónaithe an linbh– Aistriú nó coimeád éagórach – Dlínse maidir le leanbh a fhuadach’

Bhain an díospóid sna príomhimeachtaí le beirt náisiúnach de chuid na Rómáine a chuir fúthu sa Phortaingéil maidir le háit chónaithe a linbh a shocrú chomh maith le liúntas cothaithe. Tar éis gur scair an lánúin agus gur imigh an mháthair ón áras comhroinnte, d’fhan an leanbh lena athair. Tar éis don mháthair iarratas a dhéanamh chun ceart coimeádta an linbh a fháil, áfach, d’imigh an t-athair chuig an Rómáin agus an leanbh in éineacht leis. Ina dhiaidh sin, d’ordaigh cúirteanna na Rómáine go dtabharfaí an leanbh ar ais chuig an bPortaingéil mar gheall ar a éagóraí a bhí aistriú an linbh, arna iarraidh sin ag an máthair, a fuair ceart coimeádta sealadach idir an dá linn. Mar sin féin, d’iarr an t-athair ar Judecătoria Oradea (an Chúirt Chéadchéime, Oradea, an Rómáin), go ndéanfaí a áit chónaithe sa Rómáin a shocrú mar áit chónaithe an linbh, agus go n-ordófaí don mháthair liúntas cothaithe a íoc.

Chuir an chúirt sin in iúl nár mhór di i dtosach rialú a thabhairt maidir leis an bpléadáil ón máthair maidir le heaspa dlínse sna himeachtaí sin agus, sa chomhthéacs sin, nár mhór soiléiriú a fháil ón gCúirt maidir leis an gcoincheap ‘gnátháit chónaithe’, dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 2201/2003.

I ndáil leis sin, thug sí dá haire gur ghlac sí cheana leis an bpráinn a ghabhann le rialú a thabhairt i gcásanna a bhaineann le haistriú linbh, go háirithe i gcásanna inar dócha, toisc gur scaradh leanbh ón tuismitheoir, go dtiocfadh meath ar a gcuidreamh reatha nó ionchasach, agus dochar a spreagadh nach bhféadfaí a leigheas. Agus an cásdlí sin á chur i bhfeidhm aici ar an gcás a bhí os a comhair, thug an Chúirt dá haire gur beag nach raibh an leanbh, a bhí seacht mbliana d’aois, dhá bhliain ina chónaí lena athair sa Rómáin agus é scartha óna mháthair a bhí ina cónaí sa Phortaingéil, gan acu ag teagmháil ar an bhfón uair in aghaidh na míosa. Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, sna himthosca sin agus ós rud é go raibh aois bainte amach an leanbh a bhí íogair ó thaobh na forbartha de, dá leanfaí ar aghaidh le cúrsaí mar sin, d’fhéadfaí go ndéanfaí dochar tromchúiseach, nach bhféadfaí a leigheas fiú, b’fhéidir, don chaidreamh lena mháthair. Thairis sin, ós rud é go raibh dul chun cinn maith déanta cheana féin maidir lena lánpháirtiú sóisialta agus teaghlaigh sa Bhallstát ina raibh cónaí air ag an uair sin, is dócha go gcuirfí a lánpháirtiú i dtuilleadh baoil dá bhfillfeadh sé ar an bPortaingéil dá leanfaí ar aghaidh le cúrsaí mar sin.

Breithiúnas an 24 Márta 2021, MCP (C-603/20 PPU, [EU:C:2021:231](#))

‘Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Limistéar saoirse, slándála, agus ceartais – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 – Airteagal 10 – Dlíne in ábhair a bhaineann le freagracht tuismitheoireachta – Fuadach leanaí – Dlíne cúirteanna Ballstáit – Raon feidhme críochach – Leanbh a aistriú chuig tríú Stát – Gnátháit chónaithe arna socrú sa tríú Stát sin’

Bhain na príomhimeachtaí le díospóid sa Ríocht Aontaithe idir athair de leanbh óg agus a máthair a d’aistrigh an leanbh chuig an India, áit ina raibh an leanbh ina chónaí le máthair a máthar, i ndáil leis an leanbh a thabhairt ar ais go dtí an Ríocht Aontaithe agus le cearta an athar chun rochtana.

Rinne an mháthair agóid os comhair an High Court of Justice (England & Wales), Family Division (Ard-Chúirt Bhreithiúnais Shasana agus na Breataine Bige, an Rannóg Teaghlaigh) maidir le dlínse chúirteanna Shasana agus na Breataine Bige, ar iarradh orthu rialú a thabhairt ar iarratas an athar, ar an bhforas nach raibh gnátháit chónaithe an linbh sa Ríocht Aontaithe a thuilleadh. Mheas an chúirt sin nár mhór measúnú a dhéanamh ar a dlínse ar bhonn Airteagal 10 de Rialachán Uimh. 2201/2003.¹³ Dá bhrí sin, d’fhiafraigh sí den Chúirt an gá léiriú a dhéanamh ar an Airteagal sin sa chaoi, i gcás ina socraítear ghnátháit chónaí an linbh i dtríú Stát tar éis fuadaigh chuig an Stát sin, go gcoinníonn cúirteanna an Bhallstáit ina raibh gnáthchónaí ar an leanbh díreach roimh an bhfuadach a ndlínse gan teorainn ama.

D’iarr an chúirt a rinne an tarchur freisin go gcuirfí PPU i bhfeidhm agus ghlac an Chúirt leis an iarraidh sin. I ndáil leis sin, thug an Chúirt dá haire, maidir leis an gcritéar a bhaineann le práinn, ós rud é go raibh cónaí bhuan ar an leanbh óg san India ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 ar aghaidh, cé is moite de thréimhse ghearr sa Ríocht Aontaithe, dá leanfaí ar aghaidh le cúrsaí mar sin go raibh baol ann go ndéanfaí dochar tromchúiseach, nach bhféadfaí a leigheas fiú, b’fhéidir, don chaidreamh idir an leanbh agus a hathair, nó fiú idir í féin agus a beirt tuismitheoirí. Ba dhócha go ndéanfaí damáiste doleasaithe dá forbairt mhothúchánach agus shíceolaíoch i gcoitinne mar gheall ar an staid sin, ag féachaint, go háirithe, don aois a bhí bainte amach ag an leanbh, a bhíonn íogair ó thaobh na forbartha de. Ina theannta sin, ós rud é go raibh dul chun cinn maith déanta cheana féin i lánpháirtiú teaghlaigh agus sóisialta an linbh sa tríú Stát ina raibh gnáthchónaí ar an leanbh ag an uair sin, dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, dá leanfaí ar aghaidh leis an staid sin d’fhéadfaí go gcuirfí lánpháirtiú an linbh ina teaghlach agus ina timpeallacht shóisialta i dtuilleadh baoil dá bhfillfeadh sí ar an Ríocht Aontaithe.

¹³ Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003.

Breithiúnas an 18 Aibreán 2023, Afrin (C-1/23 PPU, [EU:C:2023:296](#))

Tarchur chun réamhrialú - Nós imeachta práinne um réamhrialú - Rialuithe teorann, tearmann agus inimirce - Beartas inimirce - Treoir 2003/86/CE - Ceart chun athaontú teaghlaigh - Airteagal 5(1) - Iarratas ar iontráil agus cónaí a dhéanamh chun an ceart chun athaontú teaghlaigh a fheidhmiú - Reachtaíocht de chuid Ballstáit lena bhforchuirtear oibleagáid ar bhaill teaghlaigh an urraitheora an t-iarratas a dhéanamh i bpearsa ar an bpost taidhleoireachta inniúil den Bhallstát sin - Dodhéantacht nó deacracht mhíchuí a bhaineann le cuairt a thabhairt ar an bpost sin - Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh - Airteagal 7 agus Airteagal 24'

Bhain na príomhimeachtaí le díospóid idir náisiúnaigh de chuid na Siria agus a leanaí mionaoiseacha ar thaobh amháin agus Stát na Beilge ar an taobh eile maidir le diúltú an Stáit sin an t-iarratas ar iontráil agus ar chónaí a dhéanamh a chlárú, a rinne an mháthair agus na leanaí chun an ceart chun athaontú teaghlaigh a fheidhmiú.

Scrúdaigh an tribunal de première instance francophone de Bruxelles (Cúirt Fhraincise Chéadchéime, an Bhruiséil, an Bheilg) ar baineadh an bonn d'éifeachtacht Threoir 2003/86 maidir le teaghlaigh a athaontú ¹⁴ leis an diúltú sin nó ar sáraíodh na cearta bunúsacha ¹⁵ atá á gcosaint leis an Treoir sin leis.

D'iarr an chúirt a rinne an tarchur go gcuirfí PPU i bhfeidhm freisin. Mar thaca lena hiarratas, luaigh an chúirt sin cúiseanna a bhain leis an staid slándála sa tSiria agus an chaoi go bhféadfaí, dá ndéanfaí cinneadh déanach maidir le clárú an iarratais ar theacht isteach agus ar chónaí a dhéanamh chun an ceart chun athaontú teaghlaigh a fheidhmiú, go mba dheacra an t-athaontú sin dá bharr, ós rud é go bhforáiltear le dlí na Beilge do cheanglais mhéadaithe i gcás ina gcuirtear isteach an t-iarratas ar athaontú teaghlaigh lasmuigh de bhliain amháin tar éis gur aithníodh gur dídeanach an t-urraitheoir.

Agus a cásdlí maidir le fuadach leanaí á chur i bhfeidhm aici de réir análaí, thug an Chúirt dá haire, maidir leis an gcoinníoll a bhaineann le práinn, go mba léir *inter alia* ón ordú tarchuir go raibh leanaí mionaoiseacha A agus B scartha óna n-athair le níos mó ná trí bliana agus, dá leanfaí ar aghaidh le cúrsaí ar an gcaoi sin, rud a thárlódh mura ndéanfaí an t-iarratas ó Mheán Fómhair 2022 a chlárú, go bhféadfaí go mbeadh dochar tromchúiseach á dhéanamh do chaidreamh na leanaí sin lena n-athair sa todhchaí. Sna himthosca sin, ghlac an Chúirt leis an iarratas ar PPU.

¹⁴ Treoir 2003/86/CE.

¹⁵ Is iad sin an ceart maidir le meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, a ráthaítear in Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), an ceart leas an linbh a chur san áireamh, agus an ceart chun caidreamh pearsanta a choimeád ar bun go tráthrialta leis an mbeirt tuismitheoirí, a chumhdaítear in Airteagal 24 den Chairt.

2.2 Saoirse a bhaint

Breithiúnas an 30 Samhain 2009 (an Mór-Dlísheomra), Kadzoev (C-357/09 PPU, [EU:C:2009:741](#))

Víosáí, tearmann, inimirce agus beartais eile a bhaineann le saorghluaiseacht daoine – Treoir 2008/115/CE – Náisiúnaigh ó thriú tír a chónaíonn gan údarú a fhilleadh – Airteagal 15(4) go (6) – Tréimhse choinneála – Fad na tréimhse a raibh cinneadh aistrithe ar fionraí a chur san áireamh – An coincheap “ionchas réasúnach aistrithe”

Ghabh údaráis na Bulgáire duine aonair nach raibh doiciméid aitheantais aige a mhaígh gur rugadh sa tSeisnia é, agus cuireadh faoi choinneáil é in ionad speisialta le haghaidh socrúchán sealadach eachtrannach go dtí go ndéanfaí an beart ionnarbtha arna ghlacadh ina choinne a fhorghníomhú. Chun an beart sin a chur chun feidhme, áfach, níor mhór na doiciméid a fháil lena bhféadfadh sé taisteal thar lear. Trí bliana ina dhiaidh sin, áfach, ní bhfuarthas na doiciméid sin fós. Ina theannta sin, thaisc an duine lena mbaineann iarratais ar thearmann, chomh maith le hiarratais ar bheart níos éadroime a chur in ionad an bhirt choinneála, agus diúltaíodh dóibh go léir.

Sa chomhthéacs sin, thug stiúrthóir an údaráis a bhí freagrach as an ionad coinneála sin caingean os comhair Administrativen sad Sofia-grad (an Chúirt Riaracháin, Sóifia, an Bhulgáir), agus é ag iarraidh uirthi rialú *ex officio* a thabhairt maidir leis na céimeanna a bhí le glacadh i ndáil leis an gcoinneáil sin. Thug an chúirt sin dá haire, ar thaobh amháin, sular leasaíodh dlí na Bulgáire maidir le náisiúnaigh eachtrannacha ¹⁶ chun Treoir 2008/115 a thrasuí, ¹⁷ nach raibh aon teorainn ama ag gabháil le tréimhsí coinneála in ionad um choinneáil shealadach. Ar an taobh eile, thug sí faoi deara nár leagadh síos aon riail idirthréimhseach le haghaidh cásanna ina ndearnadh cinntí maidir le coinneáil roimh an leasú sin. Dá réir sin, chinn sí ceisteanna a chur ar an gCúirt maidir le léiriú ar Airteagal 15(4) go 6 de Threoir 2008/115.

D'iarr an chúirt a rinne an tarchur go gcuirfí PPU i bhfeidhm freisin, agus í ag cur in iúl gur bhain an cás sin leis an gceist ar cheart an duine lena mbaineann a choinneáil nó a scaoileadh saor. I ndáil leis sin, dá nglacfaí leis nach raibh aon 'ionchas réasúnach aistrithe' ann de réir bhrí Airteagal 15(4) de Threoir 2008/115, d'fhéadfaí gur ghá, i gcomhréir leis an bhforáil sin, a ordú go scaoilfí saor láithreach é. I bhfianaise an méid sin, chinn an Chúirt go nglacfadh sí leis an iarratas ar PPU.

Breithiúnas an 17 Márta 2016, Mirza (C-695/15 PPU, [EU:C:2016:188](#))

Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 – Critéir agus sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a

¹⁶ Zakon za chuzhdentsite v Republika Bgaria (an dlí maidir le daoine eachtrannacha i bPoblacht na Bulgáire) (DV 1998 Uimh. 153), arna leasú an 15 Bealtaine 2009 (DV 2009 Uimh. 36).

¹⁷ Treoir 2008/115/CE.

dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta – Airteagal 3(3) – Ceart na mballstát chun iarratasóir a aistriú chuig tríú tír shábháilte – Airteagal 18 – Oibleagáidí an Bhallstáit atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas i gcás ina ndéantar an t-iarratasóir a ghabháil ar ais – Treoir 2013/32/AE – Nósanna imeachta coiteanna chun stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar – Scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta’

Tháinig náisiúnach Pacastánach ón tSeirbia isteach i gcríoch na hUngáire agus thaisc sé a chéad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sa Bhallstát sin. Ós rud é gur imigh an náisiúnach sin ón áit chónaithe arna sannadh ag údaráis na hUngáire dó, áfach, cuireadh deireadh leis an scrúdú ar a iarratas, ar an bhforas gur tharraing sé siar go hintuigthe é. Ina dhiaidh sin, gabhadh i bPoblacht na Seice é agus, arna iarraidh sin d’údaráis na Seice, ghabh an Ungáir ar ais é, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i Rialachán Uimh. 604/2013 ¹⁸ ('Rialachán Bhaile Átha Cliath III'). Ansin rinne an duine lena mbaineann an a dhara hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta san Ungáir agus coinníodh é i gcomhthéacs an nós imeachta chun an t-iarratas sin a scrúdú. Rinneadh an t-iarratas sin a dhíbhe toisc é a bheith neamh-inghlactha, ar an bhforas, sa chás sin, nár mhór an tSeirbia a aicmiú mar thríú tír shábháilte. Ina dhiaidh sin glacadh orduithe fhilidh agus aistrithe i gcoinne an náisiúnaigh sin.

Sa chomhthéacs sin, chinn Debreceni közigazgatási és munkaügyi bíróság (an Chúirt Riaracháin agus Oibreachais, Debrecen, an Ungáir), ar tugadh achomharc os a comhair i gcoinne an chinnidh lena diúltaíodh don dara hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta, ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfaí Ballstát foráil a dhéanamh chun iarratasóir a chur chuig tríú tír shábháilte, i gcomhréir le hAirteagal 3(3) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, gan anailís a dhéanamh ar shubstaint a iarratais.

D’iarr an chúirt sin freisin go gcuirfí PPU i bhfeidhm, agus í ag cur in iúl go raibh an duine lena mbaineann, go dtí an 1 Eanáir 2016, faoi réir beart coinneála. Ina theannta sin, mar fhreagra ar iarraidh ón gCúirt, shonraigh an chúirt a rinne an tarchur gur cuireadh síneadh leis an mbeart sin go dtí dáta cinnidh chríochnaithigh maidir le hiarratas an duine lena mbaineann ar chosaint idirnáisiúnta, nó go dtí an 1 Márta 2016 i gcás nach mbeadh cinneadh den sórt sin glactha faoin dáta sin. Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, áfach, d’fhéadfaí, tar éis an 1 Márta 2016, síneadh eile a chur leis an mbeart coinneála ar feadh seasca lá, agus sé mhí mar uastréimhse choinneála iomlán.

Mheabhraigh an Chúirt a cásdlí socair faoina gá a chur san áireamh gur baineadh saoirse den duine lena mbaineann agus gur ar thoradh na díospóide sna príomhimeachtaí a bhraitheann an cinneadh é a choinneáil nó é a scaoileadh. Thairis sin, chuir sí in iúl nach mór measúnú a dhéanamh ar staid an duine sin amhail a bhí tráth an scrúdaithe ar an iarraidh go ndéanfaí PPU a chur i bhfeidhm. Agus an cásdlí sin á chur i bhfeidhm aici maidir leis an gcás sin, chinn an Chúirt gur comhlíonadh na critéir.

¹⁸ Rialachán (AE) Uimh. 604/2013.

Bhí an cinneadh an duine lena mbaineann a choimeád faoi choinneáil ag brath ar thoradh an cháis sna príomhimeachtaí, a bhaineann le dlíthiúlacht dhiúltú a iarratais ar chosaint idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ghlac an Chúirt leis an iarraidh ar PPU.

Breithiúnas an 1 Meitheamh 2016, Bob-Dogi (C-241/15, [EU:C:2016:385](#))

‘Tarchur chun réamhrialú – Comhar póilíneachta agus breithiúnach in ábhair choiriúla – Cinneadh Réime 2002/584/CGB – Barántas gabhála Eorpach – Airteagal 8(1)(c) – Oibleagáid chun faisnéis maidir le “barántas gabhála” a bheith ann a chur sa bharántas gabhála Eorpach – Easpa aon bharántais ghabhála náisiúnta ar leithligh a thagann roimh an mbarántas gabhála Eorpach – Éifeacht

D’eisigh cúirt de chuid na hUngáire barántas gabhála Eorpach i gcoinne náisiúnach Rómánach chun imeachtaí coiriúla a thionscnamh ina choinne. Gabhadh an duine lena mbaineann ansin sa Rómáin agus cuireadh os comhair Curtea de Apel Cluj (Cúirt Achomhairc Cluj, an Rómáin) é, arb í an chúirt a bhí freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le coinneáil réamhthrialach agus maidir lena thabhairt suas d’údaráis bhreithiúnacha na hUngáire. Sa chomhthéacs sin, d’ordaigh an chúirt sin é a scaoileadh saor láithreach, agus beart maoirseachta breithiúnach á ghlacadh aici ag an am céanna áfach.

Chinn an chúirt sin, agus ceisteanna aici maidir le léiriú ar Airteagal 8(1)(c) de Chinneadh Réime 2002/584,¹⁹ agus, go sonrach, leis na hiarmhairtí a bhaineann le heaspa aon bharántais ghabhála náisiúnta ar leithligh a thagann roimh an mbarántas gabhála Eorpach, a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais réamhrialú a dhéanamh.

D’iarr sí go gcuirfí PPU i bhfeidhm freisin, agus í ag cur in iúl, cé nach raibh an duine lena mbaineann i bpríosún ag an uair sin, go raibh sé faoi réir maoirseacht bhreithiúnach mar sin féin, rud a bhí mar shrian ar a shaoirse phearsanta. Chinn an Chúirt nár cheart glacadh leis an iarratas sin in imthosca mar sin. Mar sin féin, d’ordaigh Uachtarán na Cúirte go ndéileálfai leis an gcás i dtosach ar chásanna eile, de bhun Airteagal 53(3) de na Rialacha Nós Imeachta.

Breithiúnas an 25 Iúil 2018 (an Mór-Dlísheomra), Minister for Justice and Equality (Lochtanna sa chóras breithiúnach) (C-216/18 PPU, [EU:C:2018:586](#))

‘Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Comhar póilíneachta agus breithiúnach in ábhair choiriúla – Barántas gabhála Eorpach – Cinneadh Réime 2002/584/CGB – Airteagal 1(3) – Nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit – Coinníollacha maidir le forghníomhú – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 47 – An ceart chun éisteacht a fháil ó bhinse neamhspleách neamhchlaon’

¹⁹ Cinneadh Réime 2002/584/CGB – Dearbhuithe ó Bhallstáit áirithe maidir le glacadh an Chinnidh Réime (IO 2002 L 190, Ich. 1), arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB.

Tar éis do chúirteanna na Polainne roinnt barántas gabhála Eorpach a eisiúint, gabhadh an duine lenar bhain na barántais sin in Éirinn agus cuireadh faoi choinneáil é go dtí go dtabharfaí breith maidir lena thabhairt suas d'údaráis bhreithiúnacha na Polainne. Chuige sin, tugadh os comhair na hArd-Chúirte é agus chuir sé in iúl don Ard-Chúirt nach raibh sé ag iarraidh go dtabharfaí suas é ar an bhforas go raibh fíorbhaol ann go séanfaí an ceartas air dá dtabharfaí, i bhfianaise na n-athchóirithe reachtacha a bhí déanta le déanaí ar chóras breithiúnach na Polainne.

Sa chomhthéacs sin, chuir an Ard-Chúirt ceisteanna maidir le hiarmhairtí na n-athchóirithe reachtacha sin, ar dá mbarr a ghlac an Coimisiún togra réasúnaithe an 20 Nollaig 2017, lenar iarradh ar an gComhairle a chinneadh, ar bhonn Airteagal 7(1) CAE, go raibh baol soiléir ann go ndéanfadh Poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta.²⁰ Ina dhiaidh sin, rinne an Ard-Chúirt roinnt ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt maidir leis an iompar atá le glacadh ag údarás forghníomhaitheach de bhun Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584 i gcás ina bhfuil fíorbhaol ann go sárófar an ceart chun éisteacht a fháil ó bhínse neamhspleách mar thoradh ar easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe maidir le neamhspleáchas breithiúnach an Bhallstáit eisiúna.

D'iarr an chúirt sin freisin go gcuirfí PPU i bhfeidhm ar an tarchur chun réamhrialú, agus ghlac an Chúirt leis an iarraidh sin. Maidir le critéar na práinne, mheabhraigh an Chúirt a cásdlí socair maidir leis an gcritéar sin sular chuir sí i bhfeidhm é sa chás a bhí os a comhair. I ndáil leis sin, chuir sí in iúl go raibh an duine lena mbaineann faoi choinneáil agus gur ar thoradh an cháis sna príomhimeachtaí a bhí an cinneadh chun leanúint ar aghaidh leis an gcoinneáil sin ag brath, ós rud é gur i gcomhthéacs fhorghníomhú na mbarántas gabhála Eorpach a ordáíodh an beart lenar baineadh saoirse.

Breithiúnas an 12 Feabhra 2019, TC (C-492/18 PPU, [EU:C:2019:108](#))

'Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Cinneadh Réime 2002/584/CGB – Barántas gabhála Eorpach – Airteagal 12 – An duine a choimeád faoi choinneáil – Airteagal 17 – Teorainneacha ama maidir le cinneadh a ghlacadh chun an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear go gcuirfear an beart coinneála ar fionraí go huathoibríoch 90 lá tar éis na gabhála – Léiriú comhsheasmhach – Teorannacha ama a chur ar fionraí – An chairt um chearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 6 – An ceart chun saoirse agus slándála – Léirithe éagsúla ar reachtaíocht náisiúnta – Soiléireacht agus intuarthacht'

Ar bhonn barántas gabhála Eorpach arna eisiúint ag údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe, gabhadh náisiúnach Briotanach san Ísiltír agus cuireadh faoi choinneáil é. Ar an dáta sin, cuireadh tús leis an tréimhse 60 lá dá bhforáiltear in Airteagal 17(3) de

²⁰ Togra réasúnaithe ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017, arna thólacadh i gcomhréir le hAirteagal 7(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir leis an smacht reachta sa Pholainn (COM (2017) 835 final).

Chinneadh Réime 2002/584, ar lena linn nach mór an cinneadh maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú. Go gairid roimh dheireadh na tréimhse sin, d'ordaigh rechtbank Amsterdam (an Chúirt Dúiche, Amstardam, an Ísiltír) go gcuirfí síneadh 30 lá leis an tréimhse sin, i gcomhréir le hAirteagal 17(4) den Chinneadh Réime sin, agus go leanfaí ar aghaidh leis an duine lena mbaineann a choinneáil. Chuir an chúirt sin bac ar na himeachtaí ar feadh tréimhse éiginnte ina dhiaidh sin, áfach, go dtí go dtabharfadh an Chúirt freagra ar an iarraidh ar réamhrialú i gcás RO (C-327/18 PPU).²¹ Ag an am céanna, ós rud é go raibh 90 lá caite ó gabhadh é, d'iarr an náisiúnach de chuid na Breataine go gcuirfí a choinneáil ar fionraí.

Sa chomhthéacs sin, rinne Rechtbank Amstardam (an Chúirt Dúiche, Amstardam) machnamh ar cheart leanúint ar aghaidh le coinneáil an duine lena mbaineann i bhfianaise Chinneadh Réime 2002/584 agus Airteagal 6 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), lena bhforáiltear don cheart chun saoirse agus slándála. Faoin reachtaíocht náisiúnta lena mbaineann,²² ní mór duine i gcás mar sin a scaoileadh saor nuair a bheidh 90 lá caite ó gabhadh é. Mar sin féin, rinneadh léiriú ar an reachtaíocht sin sa chaoi gur ceadaíodh leanúint ar aghaidh leis an gcoinneáil i gcás ina gcinneann an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú nó chun fanacht leis an bhfreagra ar iarraidh den sórt sin arna dhéanamh ag údarás breithiúnach forghníomhaitheach eile. Sa dá chás, ní mór a mheas go bhfuil an tréimhse 90 lá curtha ar fionraí, mar sin.

D'iarr Rechtbank Amsterdam (an Chúirt Dúiche, Amstardam) go gcuirfí an tarchur chun réamhrialú faoi réir PPU, agus í ag cur in iúl go raibh an duine lena mbaineann faoi choinneáil san Ísiltír, agus an barántas gabhála Eorpach mar bhonn aonair leis an gcoinneáil sin, agus nach bhféadfadh sé rialú a thabhairt ar an iarratas ar an mbeart sin a chur ar fionraí sula dtabharfadh an Chúirt Breithiúnais rialú ar an tarchur sin. Mheabhraigh an Chúirt a cásdlí socair faoinar gá a chur san áireamh gur baineadh saoirse den duine lena mbaineann agus go mbraitheann an cinneadh chun leanúint ar aghaidh lena choinneáil ar thoradh na díospóide sna príomhimeachtaí, agus nach mór measúnú a dhéanamh ar a staid amhail a bhí tráth an scrúdaithe ar an iarraidh ar réamhrialú a chur faoi bhráid PPU. Sa chás sin, chinn an Chúirt gur comhlíonadh na critéir agus, dá bhrí sin, chinn sí PPU a chur i bhfeidhm.

Ina dhiaidh sin féin, chuir Rechtbank Amsterdam (an Chúirt Dúiche, Amstardam) in iúl don Chúirt gur ordaigh sí, faoi réir coinníollacha, an beart coinneála atá i gceist a chur ar fionraí go dtí go dtabharfaí an cinneadh maidir leis an duine lena mbaineann a thabhairt suas don Ríocht Aontaithe. De réir a ríomhaireachtaí, bhí an tréimhse 90 lá imithe in éag, fiú agus an t-am ar cuireadh an tréimhse sin ar fionraí lena linn á chur san áireamh. Sna himthosca sin, mheas an Chúirt nach raibh práinn ann a thuilleadh agus, dá bhrí sin, nach raibh aon ghá a thuilleadh leanúint ar aghaidh ag déileáil leis an gcás faoi PPU.

²¹ D'eascair breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2018, RO (C-327/18 PPU, [EU:C:2018:733](#)) as an gcás sin.

²² Overleveringswet (an Dlí maidir le tabhairt suas) (Stb. 2004, Uimh. 195).

Breithiúnas an 24 Meán Fómhair 2020, Generalbundesanwalt beim Bundesgerichtshof (Riail na speisialtachta) (C-195/20 PPU, [EU:C:2020:749](#))

Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Barántas gabhála Eorpach – Cinneadh Réime 2002/584/CGB – Éifeachtaí na tabhartha suas – Airteagal 27 – Ionchúiseamh a d'fhéadfaí a dhéanamh i leith cionta eile – Riail na speisialtachta

Ionchúisíodh an duine lena mbaineann sa Ghearmáin i dtrí shraith d'imeachtaí coiriúla ar leithligh. Ar dtús, in 2011, d'fhorchur Amtsgericht Niebüll (an Chúirt Dúiche, Niebüll, an Ghearmáin) téarma príosúnachta bliana agus naoi mí air as gáinneáil ar dhruaí, ach cuireadh forghníomhú na pianbhreithe sin ar fionraí faoi réir coinníollacha. Ina dhiaidh sin, in 2016, tionscnaíodh imeachtaí coiriúla sa Ghearmáin i gcoinne an duine lena mbaineann as mí-úsáid ghnéasach ar dhuine faoi aois a tharla sa Phortaingéil agus, ós sa Phortaingéil a bhí sé, d'eisigh Staatsanwaltschaft Hannover (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí, Hannover, an Ghearmáin) barántas gabhála Eorpach chun críche imeachtaí coiriúla a sheoladh i ndáil leis na gníomhartha sin. Ar bhonn an chéad bharántais gabhála Eorpaigh sin, thug údaráis na Phortaingéile an duine lena mbaineann suas chun críoch na Gearmáine, áit inar sheirbheáil sé an phianbhreith a forchuireadh mar gheall ar mhí-úsáid ghnéasach mionaoisigh. Nuair a scaoileadh saor ón bpríosún é, cuireadh faoi phromhadh shochbhreithiúnach é, ach níor cuireadh cosc air imeacht ó críoch na Gearmáine. Ina dhiaidh sin, chuaigh sé go dtí an Ísiltír ar dtús agus go dtí an Iodáil ansin.

Ar bhonn an dara barántas gabhála Eorpach in 2018, arna eisiúint ag údaráis na Gearmáine, thug údaráis na hIodáile suas don Ghearmáin arís é chun an phianbhreith a forchuireadh air roimhe sin as gáinneáil ar dhruaí a sheirbheáil. Ina theannta sin, d'aontaigh na húdaráis sin riail na speisialtachta dá bhforáiltear in Airteagal 27(2) de Chinneadh Réime 2002/584 a tharscaoileadh trí chead a thabhairt an duine lena mbaineann a ionchúiseamh sa Ghearmáin freisin as troméigniú agus sracadh a rinneadh sa Phortaingéil sular tugadh suas é den chéad uair. I ndáil leis na gníomhartha sin, bhí an duine lena mbaineann curtha faoi réir bheart lena ngabhann cailleadh saoirse i dtaca leis an gciontú a bhí á dhíospóid aige os comhair na cúirte a rinne an tarchur.

Bhí an chúirt sin ag iarraidh a fháil amach, go bunúsach, cé na hiarmhairtí dlíthiúla atá ann i gcás, ar an gcéad dul síos, ina n-imíonn duine go deonach ó chríoch an Bhallstáit eisiúna a tugadh suas don Stát sin ar bhonn an chéad bharántais gabhála Eorpaigh agus, ar an dara dul síos, i gcás ina ndéantar an duine sin a fhilleadh go héigeantach ar bhonn an dara barántas gabhála Eorpach.

Sa chomhthéacs sin, d'iarr an chúirt a rinne an tarchur go gcuirfí PPU i bhfeidhm, agus ghlac an chúirt leis an iarraidh sin. Thug an Chúirt faoi deara, ar thaobh amháin, cé go raibh comhthuiscint ann, ar dháta an scrúdaithe ar an iarraidh go gcuirfí PPU i bhfeidhm, gur baineadh a shaoirse den duine lena mbaineann ar bhonn breithiúnas ó Amtsgericht Niebüll (an Chúirt Dúiche, Niebüll) a tugadh in 2011, go mba rud é fós go

bhféadfadh an dara barántas gabhála a d'éisigh údaráis na Gearmáine in 2018 a bheith mar údar chun é a choinneáil freisin. Ar an taobh eile, dá leanfaí ar aghaidh agus an barántas sin fós i bhfeidhm, d'fhéadfaí go gcuirfí bac ar fhorghníomhú na pianbhreithe príosúnachta arna forchur air mar thoradh air sin, agus go mbeadh tionchar aige sin ar an gcinneadh maidir leis an bpianbhreith sin a chur ar fionraí go coinníollach agus, dá ndéanfaí fionraí den sórt sin a dheonú, gurbh é an t-aon bhunús dlí a bheadh ann chun leanúint ar aghaidh leis an duine lena mbaineann a choinneáil.

Breithiúnas an 13 Eanáir 2021, MM (C-414/20 PPU, [EU:C:2021:4](#))

Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Barántas gabhála Eorpach – Cinneadh Réime 2002/584/CGB – Nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit – Airteagal 6(1) agus Airteagal 8(1)(c) – Barántas gabhála Eorpach arna eisiúint ar bhonn beart náisiúnta maidir le duine a chur faoi imscrúdú – An coincheap “barántas gabhála nó aon chinneadh breithiúnach infhorghníomhaithe eile a bhfuil an éifeacht chéanna aige” – Easpa aon bharántais ghabhála náisiúnta – Iarmhairtí – Cosaint breithiúnach éifeachtach – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh’

Sa Bhulgáir, bhí 41 duine á lorg as gáinneáil ar dhruaí, agus d'éalaigh 16 díobh, an duine lenar bhain an cás san áireamh. Eisíodh fógra tóra ina leith, agus ionchoiriú agus Barántas gabhála Eorpach ina dhiaidh sin, arna n-eisiúint ag údaráis inniúla na Bulgáire. Ar bhonn an Bharántais ghabhála Eorpaigh sin, gabhadh an duine lena mbaineann sa Spáinn agus cuireadh faoi choinneáil sealadach. Thug an duine sin agóidí arís is arís i gcoinne dhlíthiúlacht an chinnidh lenar ordaíodh é a chur faoi choinneáil go sealadach.

Sa chomhthéacs sin, chinn an Spetsializiran nakazatelen sad (an Chúirt Choiriúil Speisialaithe, an Bhulgáir), agus iarratas os a comhair maidir le hathbhreithniú ar an mbeart socrúcháin a bhain leis an duine a bhí i gceist, ceisteanna a chur ar an gCúirt maidir le bailíocht an bharántais gabhála Eorpaigh arna eisiúint ina leith. Ina theannta sin, cuireadh an duine lena mbaineann faoi bhraighdeanas baile seachas faoi choinneáil réamhthrialach.

D'iarr an chúirt náisiúnta go gcuirfí an tarchur chun réamhrialú faoi réir PPU, agus ghlac an Chúirt leis sin. Maidir le critéar na práinne, mheabhraigh an Chúirt a cásdlí socair i ndáil leis an ábhar agus thug sí dá haire nach mór a chur san áireamh, tráth a dhéantar an iarraidh ar réamhrialú, go bhfuil saoirse bainte den duine atá i gceist sna príomhimeachtaí, agus go mbraitheann an cinneadh leanúint ar aghaidh lena choinneáil ar thoradh na díospóide sna príomhimeachtaí. I ndáil leis sin, chuir sí in iúl go raibh coinneáil réamhthrialach an duine lena mbaineann ag brath, tráth a rinneadh an iarraidh ar réamhrialú, ar chinneadh na Cúirte, a mhéid a d'fhéadfaidh sé go mbeadh éifeacht láithreach ag na freagraí a thabharfaidh sí ar cheisteanna na cúirte náisiúnta ar a bhfuil i ndán don chinneadh lena n-ordáitear é a chur faoi choinneáil shealadach. Thairis sin, shonraigh an Chúirt, cé gur cuireadh braighdeanas baile in ionad an bhirt

chomhéignigh eile, nach ndearnadh difear don chonclúid sin a mhéid a cuireadh srian suntasach ar shaoirse an duine lena mbaineann leis an mbraighdeanas freisin.

Breithiúnas an 30 Meitheamh 2022, Valstybės sienos apsaugos tarnyba agus páirtithe eile (C-72/22 PPU, [EU:C:2022:505](#))

‘Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Polasaí um Thearmann agus Imirce – Treoir 2011/95/AE – Airteagal 4 – Nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar – Treoir 2013/32/AE – Airteagail 6 agus 7 – Caighdeáin íosta maidir le glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta – Airteagal 18 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Treoir 2013/33/AE – Airteagal 8 – An t-iarratasóir á chur faoi choinneáil – Cúis na coinneála – Cosaint na slándála náisiúnta nó cosaint an oird phoiblí – An t-iarratasóir á chur faoi choinneáil ar an mbonn go bhfuil cónaí neamhdhlíthiúil air ar chríocha an Aontais’

Fógraíodh staid náisiúnta éigeandála sa Liotuáin, agus staid pháirteach éigeandála ina dhiaidh sin, mar gheall ar shluaite ollmhóra imirceach, go háirithe ón mBealarúis. Ina dhiaidh sin, gabhadh náisiúnach tríú tír sa Pholainn a tháinig isteach sa Liotuáin go neamhdhleathach ón mBealarúis toisc nach raibh doiciméid taistil agus víosa aige agus tugadh suas d’údaráis na Liotuáine é, a chuir faoi choinneáil é go dtí go ndéanfaí cinneadh maidir lena stádas dlíthiúil. Rinne an duine lena mbaineann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, agus rinne sé aithris air i scríbhinn, a measadh a bheith neamh-inghlactha ar an bhforas gur taisceadh é gan na modhanna a chomhlíonadh arna leagan síos i reachtaíocht na Liotuáine maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh i gcás éigeandála mar thoradh ar shluaite ollmhóra eachtrannach ag teacht isteach. Faoin reachtaíocht sin, ní raibh náisiúnach eachtrach a tháinig isteach sa Liotuáin go neamhrialta in ann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh ar chríoch an Bhallstáit sin. Leis an reachtaíocht chéanna sin foráiltear freisin, i gcás éigeandála den sórt sin, go bhféadfar eachtrannach a choinneáil de bharr gur tháinig sé isteach i gcríoch na Liotuáine go neamhdhleathach agus dá bharr sin amháin.

Sna himthosca sin, d’fhéach an Lietuvos vyriausios administracinis teismas (Cúirt Uachtarach Riaracháin na Liotuáine), agus achomharc os a comhair ón duine lena mbaineann i gcoinne an chinnidh lena bhforáiltear dá choinneáil, lena bhfáil amach an gcuirtear cosc ar reachtaíocht den sórt sin leis an ‘Treoir maidir le Nósanna Imeachta’²³ agus leis an ‘Treoir maidir le Glacadh’.²⁴

D’iarr an chúirt sin freisin go gcuirfí PPU i bhfeidhm ar an tarchur chun réamhrialú, agus ghlac an Chúirt leis an iarraidh sin. Sa chomhthéacs sin, thug an Chúirt faoi deara go raibh an duine lena mbaineann faoi réir beart cóiríochta in ionad de chuid an Valstybės sienos apsaugos tarnyba (Seirbhís Náisiúnta um Chosaint Teorann d’Aireacht Gnóthaí

²³ Treoir 2013/32/AE.

²⁴ Treoir 2013/33/AE.

Baile Phoblacht na Liotuáine) inar cuireadh gluaiseacht faoi shrian, rud a d'fhág gur baineadh a shaoirse gluaiseachta de, ós rud é nach bhféadfadh sé imeacht ón ionad sin gan údarú agus gan tionlacan aige. Thug an Chúirt dá haire freisin, maidir leis an nasc idir leanúint ar aghaidh leis an gcoinneáil agus toradh na díospóide sna príomhimeachtaí, go mba léir ón ordú tarchuir gur bhain an chéad cheist ón gcúirt a rinne an tarchur leis an bhféidearthacht go ndéanadh an duine lena mbaineann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus, dá bhrí sin, go n-aicmeofaí é mar iarrthóir tearmainn. Tá gá leis an aicmiú sin mar iarrthóir tearmainn chun beart a chur i bhfeidhm nach bhfuil srian ar shaorghluaiseacht ag gabháil leis, rud atá mar shaintréith den choincheap 'coinneáil'.

Breithiúnas an 24 Iúil 2023 (an Mór-Dlísheomra), Lin (C-107/23 PPU, [EU:C:2023:606](#))

Tarchur chun réamhrialú – Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint – Airteagal 325(1) CFAE – Coinbhinsiún “PIF” – Airteagal 2(1) – Oibleagáid calaois a dhéanann díobháil do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac le bearta a bheidh mar chosc agus a bheidh éifeachtúil – Oibleagáid foráil a dhéanamh do phionóis choiriúla – Cáin bhreisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Calaois thromchúiseach CBL – Tréimhse theorann le haghaidh dliteanas coiriúil – Breithiúnas ó Chúirt Bhunreachtúil lenar cinneadh foráil náisiúnta lena rialaítear cúiseanna leis an tréimhse theorann sin a bhriseadh a bheith neamhbhailí – Riosca córasach go mbeidh saoirse ó phionós ann – Cosaint na gceart bunúsach – Airteagal 49(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Prionsabal na dlíthiúlachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis – Ceanglais maidir le hintuarthacht agus beachtas an dlí choiriúil – An prionsabal maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach den dlí coiriúil níos trócairí (lex mitior) – Prionsabal na deimhneachta dlíthiúla – Caighdeán náisiúnta cosanta do chearta bunúsacha – Oibleagáid ar chúirteanna Ballstáit breithiúnais Chúirt Bhunreachtúil agus/nó Chúirt Uachtarach an Bhallstáit sin a fhágáil gan feidhm i gcás neamh-chomhlíonadh dhlí an Aontais – Dlíteanas araíonachta na mbreithiúna i gcás nach leantar na breithiúnais sin – Prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais’

Le linn na bliana 2010, mhainnigh na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí a chur in iúl ina ndoiciméid chuntasaíochta na hidirbhearta tráchtála agus an t-ioncam a bhain le díol díosail do thairbhithe inmheánacha, ar díosal é a fuarthas faoi scéim fionraíochta dleachtanna máil, dá bharr sin rinne siad díobháil do bhuiséad an Stáit, go háirithe maidir le cáin bhreisluacha (CBL) agus dleachtanna máil ar dhíosal.

In 2018, dhearbhaigh an Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil, an Rómáin) go raibh foráil náisiúnta lenar foráladh do bhriseadh na tréimhse teorann le haghaidh dliteanas coiriúil míbhunreachtúil agus go ndearnadh neamhaird ar phrionsabal na dlíthiúlachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis. In 2022, shonraigh sí nár foráladh le dlí substainteach na Rómáine d’aon fhoras chun an tréimhse theorann a bhriseadh idir dáta foilsithe an bhreithiúnais sin agus dáta theacht i bhfeidhm, an 30 Bealtaine 2022, forála nua a cuireadh in ionad na forála neamhbhailí.

Chiontaigh Curtea de Apel Braşov (Cúirt Achomhairc Braşov, an Rómáin) na daoine lena mbaineann as calaois cánach in 2020, ach rinne siad agóid i gcoinne a gciontuithe ar an bhforas go raibh tréimhse teorann imithe in éag agus ar bhonn phrionsabal *lex mitior*. Bhí siad ag brath ar bhreithiúnas ó 2022 ón Înalta Curte de Casaţie şi Justiţie (an Ard-Chúirt um Achomharc agus um Cheartas, an Rómáin), faoina bhféadfaí achomhairc urghnácha bunaithe ar chinntí na Cúirte Bunreachtúla a dhéanamh. D'aithin an chúirt a rinne an tarchur, dá mba rud é gur ghá glacadh le léiriú den sórt sin, go mbeadh an tréimhse teorann imithe in éag sa chás sin sula dtiocfadh an cinneadh ciontaithe i leith na bpáirtithe lena mbaineann chun bheith críochnaitheach, agus dá bhrí sin go gcuirfí clabhsúr leis na himeachtaí coiriúla agus go mbeadh sé dodhéanta na daoine sin a chiontú.

Sa chomhthéacs sin, cheistigh an chúirt a rinne an tarchur comhoiriúnacht an léirithe sin le dlí an Aontais, sa mhéid a bheadh sé d'éifeacht aige go ndéanfaí na páirtithe lena mbaineann a scaoileadh saor óna ndliteanas coiriúil i leith cionta de chalaois thromchúiseach lena ndéantar díobháil do leasanna airgeadais an Aontais. Thairis sin, chuir sí in iúl go bhféadfaí go mbeadh uirthi, mura bhféadfaí léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais a dhéanamh, breithiúnais den Chúirt Bhunreachtúil agus/nó den Ard-Chúirt um Achomharc agus um Cheartas a fhágáil gan feidhm. Ceadaítear leis an gcóras nua araíonachta, áfach, pionós a ghearradh ar bhreithiúna a líomhnaítear go ndearna siad neamhaird, de mheon mímhacánta nó le faillí thromchúiseach, ar bhreithiúnais na gcúirteanna sin.

Maidir le critéar na práinne, mheabhraigh an Chúirt a cásdlí socair i ndáil leis an ábhar, faoinar comhlíontar an critéar sin i gcás inar rud é, ar an dáta a dhéantar an iarraidh ar réamhrialú, go bhfuil saoirse bainte den duine atá i gceist sna príomhimeachtaí agus gur ar thoradh na díospóide a bhraitheann an cinneadh leanúint ar aghaidh lena choinneáil, agus thug sí dá haire go raibh príosúnacht curtha ar na daoine lena mbaineann (bhí a dtéarmaí príosúnachta faoi seach á seirbheáil ag an mbeirt acu). Thairis sin, dar le freagra na cúirte náisiúnta ar an iarraidh ar shoiléiriú, ar thaobh amháin, bhí an bheirt sin faoi choinneáil agus, ar an taobh eile, chuirfí deireadh leis an gcoinneáil dá nglacfaí leis na caingne urghnácha le haghaidh neamhniú arna dtabhairt os a comhair acu sin i gcoinne a gciontuithe. Thairis sin, bhí torthaí na gcaingne urghnácha le haghaidh neamhniú ó na daoine lena mbaineann ag brath ar fhreagraí na Cúirte ar na ceisteanna a cuireadh. Chuir an Chúirt an tarchur chun réamhrialú faoi réir nós imeachta práinne um réamhrialú, mar sin, uaithi féin.

Ordú an 27 Meán Fómhair 2023, Abboudnam (C-58/23, [EU:C:2023:748](#))

Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Limistéar saoirse, slándála agus ceartais – Beartas tearmainn – Nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar – Treoir 2013/32/AE – Airteagail 22 agus 23 – An ceart chun cúnamh dhlíthiúil agus ionadaíochta dlíthiúla – Airteagal 46(4) – Teorainn ama réasúnach chun imeachtaí a thionscnamh – Airteagal 47 de Chairt um Chearta

Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse – Diúltú d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta mar iarratas atá follasach gan bhunús, trí nós imeachta brostaithe'

Rinne náisiúnach de chuid an Mharacó iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, agus rinne Aire Ghnóthaí Baile Phoblacht na Slóivéine é a dhíbhe trí mheán chinnidh i gcomhthéacs nós imeachta brostaithe, ar an bhforas gurbh fhollas go raibh sé gan bhunús.

Thug an duine lena mbaineann caingean i gcoinne an chinnidh sin ar an bhforas gur sáraíodh a cheart ar leigheas éifeachtach nuair a cuireadh an cinneadh in iúl dó go míchuí ós rud é, dáiríre, nach raibh aige ach lá amháin lena chaingean a ullmhú. Thairis sin, gan aige ach an Araibis agus gan ateangaire aige, bhí air teagmháil a dhéanamh lena abhcóide trí mheán gearrtheachtaireachtaí (SMS) arna n-aistriú go leictreonach.

Faoin reachtaíocht náisiúnta a bhí i gceist laghdaíodh an tréimhse chun caingean a thabhairt i gcoinne cinnidh mar sin sa chaoi nach raibh ann ach trí lá ó cuireadh an cinneadh in iúl, seachas cúig lá dhéag.

Sa chomhthéacs sin, agus achomharc os a comhair i gcoinne an diúltaithe sin, chuir Upravno sodišče (an Chúirt Riaracháin, an tSlóivéin) ceistanna ar an gCúirt maidir le comhoiriúnacht reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar foráil maidir le tréimhse trí lá, lena n-áirítear laethanta saoire poiblí agus laethanta neamhoibre, caingean a thabhairt os comhair na gcúirteanna i gcoinne cinnidh lena ndiúltaítear d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna dhéanamh le nós imeachta brostaithe mar iarratas atá gan bhunús go follasach le hAirteagal 46(4) Threoir 2013/32, arna léamh i bhfianaise na chéad fhomhíre d'Airteagal 47 den Chairt.

Ina theannta sin, d'iarr an chúirt a rinne an tarchur go gcuirfí an tarchur chun réamhrialú faoi réir PPU ar an bhforas, ar thaobh amháin, go mbeadh tionchar ag an léiriú arna iarradh ar Airteagal 46(4) de Threoir 2013/32 ar scrúdú ar chaingne dá leithéid arna dtabhairt os a comhair agus, ar an taobh eile, ós rud é gur bhain an cheist dlí a tháinig chun cinn sa chás sin leis an gceart ar leigheas éifeachtach, go raibh údar ann mar gheall ar an gcineáil ceiste a bhí ann chun freagra a thabhairt a luaithe ab fhéidir.

Tar éis di diúltú don iarratas ar an bhforas, sa chás sin, nár comhlíonadh an critéar maidir le práinn, shonraigh an Chúirt neart gnéithe nach raibh ábhartha chun PPU a chur i bhfeidhm. Dá réir sin, más rud é go bhféadfaí go mbainfeadh an cinneadh atá le tabhairt ag an gcúirt a rinne an tarchur tar éis di tarchur chun réamhrialú a dhéanamh le líon mór daoine nó cásanna dlíthiúla, ní fhéadfadh an méid sin ann féin a bheith ina imthoisc is údar le nós imeachta práinne um réamhrialú a chur i bhfeidhm. Maidir leis an bhforas lena n-éilítear gur gá don Chúirt freagra a thabhairt go sciobtha ar gach iarraidh ar réamhrialú a bhaineann le léiriú ar fhoráil maidir leis an gceart ar leigheas éifeachtach, mheas an Chúirt nach leor an méid sin chun údar a thabhairt le nós imeachta práinne um réamhrialú, ós nós imeachta é atá beartaithe le haghaidh cás a ngabhann práinn urghnách leis. Mheabhraigh sí thairis sin, sa mhéid go mba rud é faoin dlí náisiúnta nárbh fhéidir an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí a dhíbirt nuair nach

raibh an cinneadh maidir leis an iarraidh ar chead cónaithe éirithe cinntitheach, go bhféadfaí neamhaird a dhéanamh den bhaol go n-aistreofaí é chuig tír ina bhféadfaí pionós an bháis a chur air, nó ceastóireacht nó pionós mídhonna nó táireach eile.

D'iarr an chúirt náisiúnta freisin go gcuirfí an iarraidh ar réamhrialú faoi réir PPA ar chúiseanna arb ionann iad agus na cinn arna gcur isteach mar thaca leis an iarraidh ar PPU. Rinne Uachtarán na Cúirte an iarraidh ar PPA a dhíbhe, áfach, ar na cúiseanna arna leagan amach i leith na hiarrata ar PPU.

2.3 An baol go sárófar cearta bunúsacha

Breithiúnas an 16 Feabhra 2017, C. K. agus páirtithe eile (C-578/16 PPU, [EU:C:2017:127](#))

Tarchur chun réamhrialú – Limistéar saoirse, slándála, agus ceartais – Teorainneacha, tearmann agus inimirce – córas Bhaile Átha Cliath – Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 – Airteagal 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Íde mhídhonna nó tháireach – Iarrathóir tearmainn atá an-tinn a aistriú chuig Ballstát atá freagrach as scrúdú ar a iarraidh – Easpa cúiseanna dáiríre chun creidiúint go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil lochtanna córasacha sa Bhallstát sin – Oibleagáidí arna bhforchur ar an mBallstát ar gá dó an t-aistriú a dhéanamh'

Sa chás sin, tháinig náisiúnach de chuid na Siria agus náisiúnach de chuid na hÉigipte isteach i gcríoch an Aontais Eorpaigh trí mheán víosa arna deonú ag Poblacht na Cróite, sula ndearna siad iarrataí ar thearmann ar Phoblacht na Slóivéine. D'iarr údaráis na Slóivéine ar údaráis na Cróite ansin iad a thabhairt isteach, ós faoi Phoblacht na Cróite a bhí sé a n-iarratais a scrúdú, faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III. Ghlac Poblacht na Cróite leis an iarraidh sin. Ós rud é go raibh an náisiúnach de chuid na Siria ag iompar clainne, áfach, cuireadh an t-aistriú ar fionraí nó go mbeadh an leanbh tagtha ar an saol. Ina dhiadh sin, chuir na daoine lena mbaineann i gcoinne an aistrithe sin, agus iad ag cur in iúl, ar thaobh amháin, go gcuirfí isteach ar shláinte an tSiriaigh, agus b'fhéidir ar shláinte an naíonáin nuabheirthe, agus, ar an taobh eile, gur tugadh íde béil dóibh agus go ndearnadh foréigean orthu sa Chróit mar gheall ar a gcine. Cuireadh an cinneadh aistrithe ar neamhní ar dtús ag an gcéad chéim, sular dhaingnigh an Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach, an tSlóivéin) é ar achomharc. Chuir an Ustavno sodišče (an Chúirt Bhunreachtúil, an tSlóivéin), agus caingean os a comhair ó na daoine lena bhain na príomhimeachtaí, breithiúnas na cúirte sin ar neamhní, áfach, agus rinne sí an cás a tharchur ar ais di.

Sa chomhthéacs sin d'iarr an Vrhovno sodišče (an Chúirt Uachtarach) ar an gCúirt soiléiriú a thabhairt i ndáil leis an gclásal lánroghnach, dá bhforáiltear le hAirteagal 17 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, faoinar féidir le Ballstát, trí mheán maolaithe, scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chuirtear os a chomhair, fiú mura bhfuil air an scrúdú sin a dhéanamh faoi na critéir arna socrú leis an Rialachán sin.

D'iarr an chúirt a rinne an tarchur go gcuirfí PPU i bhfeidhm freisin agus í ag cur in iúl, i bhfianaise na caoi a bhí ar shláinte náisiúnach na Siria, nár mhór an cheist maidir lena

stádas a réiteach a luaith ab fhéidir. I ndáil leis sin, mheas an Chúirt nach bhféadfaí a chur as an áireamh go ndéanfaí na hiarratasóirí a aistriú chuig an gCróit roimh dheireadh gnáthnós imeachta um réamhrialú. I ndiaidh iarraidh ar shoiléiriú ar an gcúirt a rinne an tarchur, ²⁵ chuir sí sin in iúl, cé gur ordaigh an chúirt chéadchéime go gcuirfí forghníomhú an chinnidh chun na daoine lena mbaineann a aistriú ar fionraí, nár glacadh aon bheart breithiúnach chun forghníomhú an chinnidh sin a chur ar fionraí ag an gcéim reatha den nós imeachta náisiúnta. Dá réir sin, ghlac an Chúirt leis an iarratas ar PPU.

Breithiúnas an 7 Márta 2017 (an Mór-Dlísheomra), X agus X (C-638/16 PPU, [EU:C:2017:173](#))

‘Tarchur chun réamhrialú – Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 – Airteagal 25(1)(a) – Víos a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aige – Víos a eisiúint ar chúiseanna daonchairdiúla nó de bharr oibleagáidí idirnáisiúnta – An coincheap ‘oibleagáidí idirnáisiúnta’ – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint – Coinbhinsiún na Ginéive – Víos a eisiúint i gcás ina bhfuil sé cruthaithe go bhfuil baol ann go sárófar Airteagail 4 agus/nó 18 den Chairt um Chearta Bunúsacha – Easpa aon oibleagáide’

Rinne lánúin de chuid na Siria in éineacht lena dtriúir leanaí, a raibh cónaí orthu sa tSiria, iarratais ar víosaí daonchairdis ag ambasáid na Beilge sa Libia ar bhonn Airteagal 25(1)(a) de Rialachán Uimh. 810/2009 ²⁶ (‘an Cód Viosaí’), sular fhill siad ar an tSiria. Bhí sé mar chuspóir leis na hiarratais sin víosaí a fháil a raibh bailíocht chríochach theoranta acu sa chaoi go bhféadfadh an chlann imeacht ón tSiria agus iarratas ar thearmann a dhéanamh sa Bheilg ar ball. Thug na hiarratasóirí le fios go láidir go ndearna grúpa sceimhlitheoirí duine acu a fhuadach agus a chéasadh sular scaoileadh saor é nuair a fuair siad airgead fuascailte. Ar bhonn níos ginearálta, leag siad béim ar an meath a bhí tagtha ar an staid slándála sa tSiria agus ar an gcaoi go raibh baol ann go mbeadh géarleanúint á déanamh orthu toisc iad a bheith mar chuid de phobal chreideamh na gCríostaithe Ceartchreidmheacha. Diúltaíodh dá n-iarratais ar an bhforas, *inter alia*, go raibh sé ar intinn acu fanacht ar feadh níos mó ná nócha lá sa Bheilg agus nach n-áirítear poist taidhleoireachta na Beilge leis na húdaráis lenar féidir le heachtrannach iarratas ar thearmann a thaisceadh.

D’fhiafraigh an Conseil du contentieux des étrangers (an Chomhairle um Imeachtaí Tearmainn agus Inimirce, an Bheilg), agus achomharc os a comhair i gcoinne an diúltaithe sin, cén raon a bhí sa lánrogha arna thabhairt do na Bhallstáit i gcás mar sin, go háirithe i bhfianaise na n-oibleagáidí faoin gCairt agus, go háirithe, Airteagail 4 (toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach) agus

²⁵ Iarratas arna dhéanamh ar bhonn Airteagal 101(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte.

²⁶ Rialachán (CE) Uimh. 810/2009.

18 (an ceart chun tearmainn) de. Dá bhrí sin, tharchuir sí roinnt ceisteanna chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú.

D'iarr an Conseil du contentieux des étrangers go gcuirfí an cás faoi réir PPU freisin. Chuige sin, thagair sí do choinbhleacht armtha thromchúiseach na Siria, d'aois óg leanaí na n-iarratasóirí, don íogaireacht ar leith a bhí ag gabháil leo sin toisc iad a bheith mar chuid de phobal na gCríostaithe Ceartchreidmheacha, agus don chaoi a tháinig an cás os a comhair i gcomhthéacs nós imeachta fionraíochta a raibh deargphráinn ag gabháil leis. I ndáil leis sin, chuir sí in iúl go raibh sé d'éifeacht ag an tarchur sin chun réamhrialú gur cuireadh na príomhimeachtaí ar fionraí.

Ghlac an Chúirt leis an iarraidh ar PPU. Chun é sin a dhéanamh, chuir sí in iúl gur comhthuiscint a bhí ann, ar a laghad ar an dáta a scrúdaíodh an t-iarratas ar PPU, go raibh fíorbhaol ann go gcuirfí íde atá mídhonna nó táireach ar na hiarratasóirí. Dar leis an gCúirt, níor mhór an méid sin a mheas mar ghné lena ngabhann práinn sa chaoi go bhfuil údar le PPU a chur i bhfeidhm.

Ordú an 27 Meán Fómhair 2018, FR (C-422/18 PPU, [EU:C:2018:784](#))

'Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte – Limistéar saoirse, slándála, agus ceartais – Nósanna imeachta coiteanna chun stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar – Treoir 2013/32/AE – Airteagal 46 – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagail 18, 19(2) agus 47 – Ceart ar leigheas éifeachtach – Cinneadh lena ndiúltaítear d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear do dhara céim de dhlínse – Éifeacht fionraíochta uathoibríoch teoranta don chaingean chéadchéime'

Rinne náisiúnach de chuid na Nigéire iarratas ar thearmann san Iodáil. Mar thaca leis an iarratas sin, mhaígh sé go raibh air imeacht óna thír thionscnaimh ar an bhforas go raibh sé faighte amach ag na húdaráis náisiúnta go raibh caidreamh homaighnéasach ar bun aige agus, ar an gcúis sin, go raibh an baol ann go ngabhfai é agus go gcuirfí faoi choinneáil é. Tar éis don údarás inniúil diúltú dá iarratas ar thearmann agus tar éis don Tribunale di Milano (Cúirt Dúiche Milano, an Iodáil) an diúltú sin a dheimhniú, rinne náisiúnach na Nigéire, sa chéad áit, achomharc ar phointe dlí agus, sa dara háit, chuir sé iarratas ar bhearta eatramhacha faoi bhráid Tribunale di Milano (Cúirt Dúiche Milano), agus é ag iarraidh go ndéanfaí cur chun feidhme a chinnidh a chur ar fionraí. Faoin reachtaíocht náisiúnta,²⁷ ní mór don Tribunale di Milano (Cúirt Dúiche Milano) cinneadh a dhéanamh i leith iarratas ar fhionraí mar sin trí mheasúnú a dhéanamh ar an mbunús

²⁷ Decreto legislativo n. 25 – Attuazione della direttiva 2005/85/CE recante norme minime per le procedure applicate negli Stati membri ai fini del riconoscimento e della revoca dello status di rifugiato (Foraithne Reachtach Uimh. 25 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2005/85/CE maidir le híoschaighdeáin i ndáil le nósanna imeachta i mBallstáit chun stádas dídeanaí a dheonú agus a tharraingt siar) an 25 Eanáir 2008 (GURI Uimh. 40 an 16 Feabhra 2008), arna leasú le decreto-legge n. 13 – Disposizioni urgenti per l'accelerazione dei procedimenti in materia di protezione internazionale, nonché per il contrasto dell'immigrazione illegale (Dlí Foraithne Uimh. 13 maidir le forálacha práinneacha i dtaca le dlús a chur le nósanna imeachta maidir le cosaint idirnáisiúnta agus inimirce neamhdhleathach a chomhrac) an 17 Feabhra 2017 (GURI Uimh. 40 an 17 Feabhra 2017), arna thiontú ina dhlí, maille le leasuithe, le Dlí Uimh. 46 an 13 Aibreán 2017.

atá leis na forais achomhairc arna gcur isteach san achomharc i gcoinne an chinnidh sin, seachas trína mheas an bhfuil riosca ann go ndéanfaí dochar tromchúiseach nach féidir a leigheas don iarratasóir tríd an gcinneadh sin a fhorghníomhú.

Chuir Tribunale di Milano (Cúirt Dúiche Milano) ceisteanna ar an gCúirt maidir le comhoiriúnacht na reachtaíochta náisiúnta sin le forálacha Threoir 2013/32,²⁸ arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt lena ráthaítear an ceart ar leigheas éifeachtach.

D'iarr an chúirt sin freisin go gcuirfí PPU i bhfeidhm. I ndáil leis sin, chuir sí in iúl go raibh ar an iarratasóir imeacht ó chríoch na hIodáile láithreach agus go bhféadfaí é a aistriú tráth ar bith go dtí an Nigéir, áit ina raibh baol tromchúiseach go mbeadh pionós an bháis, ceastóireacht, nó íde nó pionós eile atá mídhonna nó táireach curtha air. Ina theannta sin, chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl go bhféadfaí go mbeadh tionchar cinntitheach ag freagra na Cúirte ar an gceist a tarchuireadh ar an gceist an fhéadfadh nó nach bhféadfadh an t-iarratasóir fanacht ar chríoch na hIodáile go dtí go dtabharfaí toradh a achomhairc ar phointe dlí. Sa chomhthéacs sin, thug an Chúirt dá haire nárbh fhéidir a chur as an áireamh go ndéanfaí an t-iarratasóir a aistriú go dtí an Nigéir roimh thoradh an ghnáthnós imeachta um réamhrialú agus dá bhrí sin chinn sí glacadh leis an iarraidh ar PPU.

Breithiúnas an 17 Deireadh Fómhair 2018, UD (C-393/18 PPU, [EU:C:2018:835](#))

‘Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 – Airteagal 8(1) – Dlíne in ábhair a bhaineann le freagracht tuismitheoireachta – An coincheap “gnátháit chónaithe an linbh” – An gá go mbeadh duine i láthair go fisiciúil – An mháthair agus an leanbh a choinneáil i dtríú tír i gcoinne thoil na máthar – Sárú ar chearta bunúsacha na máthar agus an linbh’

Tar éis di náisiúnach Briotanach a phósadh, tugadh víosa do náisiúnach ón mBanglaidéis ionas go mbeadh sí in ann cur fúithi sa Ríocht Aontaithe. Ina dhiaidh sin, thaistil an lánúin go dtí an Bhanglaidéis le linn thréimhse thoirchis náisiúnach na Banglaidéise. Rugadh a n-iníon ann agus ní dheachaidh sí riamh chuig an Ríocht Aontaithe. D’fhill an t-athair ann ina aonar. Rinne an mháthair líomhain gur imir an t-athair cleas uirthi chun go dtabharfadh sí breith i dtríú tír agus gur chuir sé brú uirthi leanúint de bheith ina cónaí ansin leis an leanbh, gan gás, leictreachas ná uisce óil, agus gan aon ioncam, i bpobal a rinne stiogmatú uirthi. Chonspóid an t-athair an méid sin. Dá réir sin, thug an mháthair caingean os comhair an High Court of Justice (England & Wales), Family Division (Ard-Chúirt Bhreithiúnais Shasana agus na Breataine Bige, an Rannóg Teaghlaigh), agus í ag iarraidh go gcuirfí an leanbh faoi chosaint na cúirte sin agus go n-ordófaí dóibh filleadh ar an Ríocht Aontaithe.

²⁸ Treoir 2013/32/AE.

Ar dtús, mheas an chúirt sin nár mhór réiteach a bhaint amach maidir lena dlínse chun cinneadh a thabhairt i ndáil leis an leanbh, agus mar chuid den mhéid sin nár mhór a chinneadh an bhféadfaí a mheas go raibh gnáthchónaí ar an leanbh, de réir bhrí Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 2201/2003, sa Ríocht Aontaithe, cé nach raibh sí riamh sa Bhallstát sin. Ina theannta sin, d'fhiafraigh an chúirt sin an raibh aon tionchar ag imthosca an cháis ar an gcoincheap sin 'gnáthchónaí', go háirithe iompar an athar agus sárú ar chearta bunúsacha na máthar nó an linbh.

D'iarr an chúirt a rinne an tarchur freisin go gcuirfí an cas faoi réir PPU, agus ghlac an Chúirt leis an iarratas sin. I ndáil leis sin, i dtosach, thug an Chúirt dá haire, dá mbunófaí go ndearna an t-athair comhéigean ar an máthair, go mbeadh folláin reatha an linbh go mór i mbaol. Dá mbeadh aon mhoill ar chinntí breithiúnacha maidir leis an leanbh, chuirfí fad leis an staid reatha agus, dá bhrí sin, bheadh baol ann go ndéanfaí dochar tromchúiseach d'fhorbairt an linbh nach bhféadfaí a leigheas, fiú, b'fhéidir. Ina dhiaidh sin, thug an Chúirt faoi deara, dá bhfillleadh sí ar an Ríocht Aontaithe, go bhféadfaí gur chúis dochair an mhoill sin do lánpháirtiú an linbh ina teaghlach agus ina timpeallacht shóisialta nua. Ar deireadh, thug an Chúirt le fios go mba rud é, toisc an leanbh a bheith an-óg (bliain agus dá mhí d'aois ar dháta an ordaithe tarchuir) go raibh an-íogaireacht ag gabháil le cúrsaí forbartha di.

Breithiúnas an 14 Bealtaine 2020 (an Mór-Dlísheomra), Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság Délalföldi Regionális Igazgatóság (C-924/19 PPU agus C-925/19 PPU, [EU:C:2020:367](#))

'Tarchur chun réamhrialú – Beartas tearmainn agus inimirce – Treoir 2013/32/AE – Iarraidh ar chosaint idirnáisiúnta – Airteagal 33(2) – Forais go-ghlacthachta – Airteagal 40 – Iarratais iardain – Airteagal 43 – Nós imeachta teorann – Treoir 2013/33/AE – Airteagal 2(h) agus Airteagail 8 agus 9 – Coinneáil – Dlíthiúlacht – Treoir 2008/115/AE – Airteagal 13 – Leigheasanna éifeachtacha – Airteagal 15 – Coinneáil – Dlíthiúlacht – Ceart ar leigheas éifeachtach – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais'

Sa chás seo, rinne na hiarratasóirí, ar náisiúnaigh de chuig na hAfganastáine agus na hIaráine iad a tháinig isteach san Ungáir ón tSeirbia, iarratas ar thearmann san Ungáir ó chríos idirthurais Röszke, atá ar an teorann leis an tSeirbia. Rinneadh a n-iarratais a dhíbhe toisc go raibh siad do-ghlactha faoi dhlí na hUngáire, agus glacadh cinntí chun iad a fhilleadh ar an tSeirbia. Dhiúltaigh údaráis na Seirbia na daoine lena mbaineann a ligean isteach ar a gcríoch arís, áfach, ar an bhforas nár comhlíonadh na coinníollacha arna leagan síos sa chomhaontú um athligean isteach arna thabhairt i gcrích leis an Aontas. I ndiaidh an chinnidh sin, seachas substaint na n-iarratas sin a scrúdú, leasaigh údaráis na hUngáire na tíortha cinn scríbe arna lua sna bunchinntí um fillleadh trí thíortha tionscnaimh na n-iarratasóirí faoi seach a chur ina n-ionad. Chuir na hiarratasóirí i gcoinne na gcinntí leasaithe, ach diúltaíodh dá n-agóidí. Cé nach bhforáiltear d'achomharc faoi dhlí na hUngáire, thug siad caingean lena iarraidh go gcuirfí na cinntí ar neamhní agus go n-ordófaí don údarás tearmainn nós imeachta nua

a chur ar bun maidir le tearmann. Thug siad caingne mar gheall ar mhainneachtain freisin maidir leis an bhfóras gur cuireadh i gcrios idirthurais Röske iad agus go raibh siad á gcoinneáil ann. Ar dtús bhí orthu fanacht sa limistéar den chrios idirthurais sin a bhain le hiarrthóirí tearmainn, sular cuireadh de cheangal orthu cúpla mhí ina dhiaidh sin fanacht sa limistéar den chrios sin a bhain le náisiúnaigh ó thriú tíortha ar diúltaíodh dá n-iarratais ar thearmann. Is sa limistéar sin a bhíodar nuair a rinneadh an iarraidh ar réamhrialú.

Agus achomharc os a comhair i gcoinne an diúltaithe sin, chuir Szegedi Közigazgatási és Munkaügyi Bíróság (an Chúirt Riarachán agus Oibre, Szeged, (an Ungáir)), ceisteanna ar an gCúirt maidir le léiriú ar Threoir 2013/32/AE²⁹ agus ar Threoir 2013/33/AE,³⁰ go háirithe maidir leis na himthosca a ghabhann le cinneadh tríú tír gan imircigh a athlígean isteach ar dearbhaíodh go raibh a n-iarratais ar chosaint idirnáisiúnta do-ghlactha, maidir leo sin a choinneáil sa chrios idirthurais i bhfianaise fhorálacha dhlí an Aontais lena rialaítear coinneáil agus maidir lena gceart ar chosaint dlí éifeachtach, go háirithe i ndáil le bearta idirlinne arna nglacadh ag breitheamh náisiúnta.

D'iarr an chúirt a rinne an tarchur go gcuirfí PPU i bhfeidhm ar an bhfóras go raibh saoirse bainte de na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí. Chuir sí in iúl freisin go raibh siad faoi dhrochdhálaí coinneála, go háirithe toisc go raibh daoine áirithe acu réasúnta aosta agus fadhbanna sláinte acu, agus go raibh meath tagtha ar mheabhairshláinte leanbh mionaoiseach a raibh cónaí air lena athair sa limistéar de chrios idirthurais Röske a bhain le náisiúnaigh ó thriú tíortha ar diúltaíodh dá n-iarratas ar thearmann. Thairis sin, chuir an chúirt sin in iúl go mbeadh tionchar díreach críochnúil ar thoradh na gcásanna sna príomhimeachtaí ag freagraí na Cúirte ar na ceisteanna arna gcur, go háirithe ar an gcinneadh chun leanúint nó gan leanúint ar aghaidh leis an gcoinneáil a raibh na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí faoina réir.

Ghlac an Chúirt leis an iarratas ar PPU agus í ag tagairt, *inter alia*, don bhaol go sárófaí na cearta bunúsacha maidir le tearmann (Airteagail 18 agus 19 den Chairt) agus do mheabhairshláinte duine de na hiarratasóirí, ar leanbh mionaoiseach a bhí ann. Thug an Chúirt dá haire go raibh na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí faoi réir cinntí lena ordaíodh dóibh filleadh ar a dtíortha tionscnaimh agus, dá réir sin, go bhféadfaí go seolfaí ar ais ann iad faoi ghearrfhógra cé nach ndearna cúirt substaint na gcúiseanna arna lua mar údar lena n-iarratais ar thearmann a scrúdú riamh, dar leis an gcúirt a rinne an tarchur. Dá réir sin, ní fhéadfaí a chur as an áireamh, ar bhonn na gcinntí sin arna ndeimhniú le horduithe ar iarraidh ar an gcúirt a rinne an tarchur iad a chur ar neamhní, go ndéanfaí na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí a aistriú chuig a dtíortha tionscnaimh roimh dheireadh nós imeachta um réamhrialú nach mbeadh faoi réir nós imeachta práinne um réamhrialú, agus mar gheall ar an aistriú sin go bhféadfaí go gcuirfí ide orthu a bheadh contrártha le hAirteagail 18 agus 19(2) den Chairt. Ina

²⁹ Treoir 2013/32/AE.

³⁰ Treoir 2013/33/AE.

theannta sin, ós leanbh mionaoiseach é duine de na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí a raibh meath tagtha ar a mheabhairshláinte agus ar a shláinte fhisiciúil toisc go raibh sé ag fanacht i gcrois idirthurais Röske, chuirfí síneadh leis an staid reatha dá mbeadh moill ann cinneadh breithiúnach a dhéanamh, agus dá bhrí sin, bheadh baol tromchúiseach ann go ndéanfaí damáiste tromchúiseach d'fhorbairt an linbh sin, nach bhféadfaí a leigheas fiú, b'fhéidir.

Breithiúnas an 20 Eanáir 2022, Landeshauptmann von Wien (Stádas mar chónaitheoir fadtéarmach a chailleadh) (C-432/20, [EU:C:2022:39](#))

'Tarchur chun réamhrialú – Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais – Beartas inimirce – Treoir 2003/109/CE – Airteagal 9(1)(c) – Stádas a chailleadh mar náisiúnach tríú tír is cónaitheoir fadtéarmach – Bheith as láthair ó chríoch an Aontais ar feadh 12 mhí i ndiaidh a chéile – Briseadh sa tréimhse neamhláithreachta sin – Fanachtaí mírialta gearrthéarmacha ar chríoch an Aontais'

Bhain na príomhimeachtaí le díospóid idir náisiúnach de chuid na Casacstáine agus Landeshauptmann von Wien (Gobharnóir Dhúiche Vín, an Ostair) maidir le diúltú an údaráis sin cead cónaithe fadtéarmach an duine sin a athnuachan.

Dhearbhaigh an chúirt a rinne an tarchur, Verwaltungsgericht Wien (an Chúirt Riaracháin, Vín, an Ostair), cé nár imigh an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí ón Aontas Eorpach riamh ar feadh dhá mhí dhéag as a chéile ó 2013 go 2018, nach mbíodh sé i láthair ar an gcríoch ach cúpla lá in aghaidh na bliana. Dá bhrí sin, ós chomh annamh sin a bhí sé i láthair, diúltaíodh a chead cónaithe a athnuachan. I ndáil leis sin, chuir an t-iarratasóir anailís dhlíthiúil isteach arna déanamh ag grúpa saineolaithe in ábhar a bhaineann le himirce dhleathach ón gCoimisiún Eorpach inar deimhníodh nach féidir stádas mar chónaitheoir fadtéarmach a bhaint ach ar bhonn asláithreachta fhisiciúil ó chríoch an aontais ar feadh dá mhí dhéag i ndiaidh a chéile faoi Airteagal 9(1)(c) de Threoir 2003/109, 31 is cuma an bhfuil nó nach bhfuil an t-iarratasóir lena mbaineann bunaithe go fisiciúil ar chríoch an Aontais nó an bhfuil gnáthchónaí air ann. Mheas an chúirt a rinne an tarchur go raibh an anailís sin ag teacht le hargóint an iarratasóra sna príomhimeachtaí gur leor tréimhsí an-ghearra fiú, amhail na cinn sa chás sin, chun a stádas mar chónaitheoir fadtéarmach a chaomhnú de réir bhrí Threoir 2003/109.

Sa chomhthéacs sin chuir Verwaltungsgericht Wien (an Chúirt Riaracháin, Vín) ceisteanna ar an gCúirt maidir leis na coinníollacha a fhorchuirtear le hAirteagal 9(1)(c) de Threoir 2003/109 ar údaráis náisiúnta maidir le stádas mar náisiúnach tríú tír is cónaitheoir fadtéarmach a bhaint.

Ina theannta sin, d'iarr an chúirt a rinne an tarchur go gcuirfí PPU i bhfeidhm ar an tarchur chun réamhrialú, agus í ag tabhairt dá haire, *inter alia*, gurbh í an scéal ba déanaí

³¹ Treoir 2003/109/CE.

gur chuir an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí faoi in éineacht lena bhean chéile agus lena gceathrar leanaí mionaoiseacha sa Ríocht Aontaithe ar bhonn ceadanna cónaithe ón Stát sin le tréimhse bhailíochta ilbhliantúil. Theastaigh ón iarratasóir sna príomhimeachtaí cur faoi san Ostair arís áfach, agus a chlann in éineacht leis, chun críocha athaontú teaghlaigh, agus é mar chuid den mhéid sin, faoin reachtaíocht náisiúnta a bhí i bhfeidhm, nár mhór a fhíorú ar dtús go raibh sé fós de cheart aige stádas cónaitheora fhadtéarmaigh a bheith aige. Agus an t-iarratas ar PPU á dhíbhe aici, thug an Chúirt dá haire nár leag an chúirt a rinne an tarchur amach ar bhealach sách suntasach na himthosca óna bhféadfaí a shuíomh gur ábhar práinne a bhí ann rialú a thabhairt ar an gcás. Níor chuir an chúirt sin in iúl, go háirithe, go raibh baol ann go mbeadh an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí agus a mhuintir curtha faoi réir bearta aistrithe sa Ríocht Aontaithe nó san Ostair nó go gcuirfí a gcearta bunúsacha, amhail an ceart chun saol an teaghlaigh, i mbaol.

II. An Nós Imeachta Brostaithe

1. Na cúiseanna is údar le nós imeachta brostaithe a chur i bhfeidhm

1.1 Cineál agus íogaireacht an réimse lena mbaineann an léiriú a ndéantar an tarchur chun réamhrialú ina leith

Ordú an 22 Feabhra 2008, Kozłowski (C-66/08, [EU:C:2008:116](#)) ³²

‘Nós imeachta brostaithe’

Bhain an cás sna príomhimeachtaí le náisiúnach de chuid na Polainne a raibh cónaí air ar feadh roinnt blianta, ar bhonn neamhleanúnach neamhdhleathach, áfach, is dócha, sa Ghearmáin, áit ina raibh pianbhreith príósúnachta á seirbheáil aige ag an am sin. Bhí an náisiúnach sin ina ábhar do bharántas gabhála Eorpach arna eisiúint ag cúirt de chuid na Polainne chun pianbhreith choimeádta arna forchur air roimhe sin a fhorghníomhú. Sa chomhthéacs sin, chuir Oberlandesgericht Stuttgart (an Ard-Chúirt Réigiúnach, Stuttgart, an Ghearmáin), a raibh uirthi rialú a thabhairt maidir leis an duine lena mbaineann a thabhairt suas d’údaráis bhreithiúnacha na Polainne, ceisteanna faoin léiriú a bhí le déanamh ar an gcoinníoll cónaithe nó sainchónaithe a leagtar síos in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584. Go bunúsach, san fhoráil leagtar amach foras do neamh-fhorghníomhú roghnach barántais gabhála Eorpaigh i gcás « ina bhfanann an duine iarrtha sa Bhallstát forghníomhaitheach, ina bhfuil sé nó sí ina náisiúnach de, nó ina bhfuil cónaí air nó uirthi ann' agus ina ngabhann an Stát sin air féin an phianbhreith eachtrach a fhorghníomhú.

³² Féach freisin breithiúnas an 17 Iúil 2008 (an Mór-Dlísheomra), *Kozłowski* (C-66/08, [EU:C:2008:437](#)).

Ina theannta sin, d'iarr Oberlandesgericht Stuttgart (an Ard-Chúirt Réigiúnach, Stuttgart) go gcuirfí PPU i bhfeidhm don tarchur chun réamhrialú ar an bhforas gur ghearr go dtiocfadh deireadh le tréimhse choinneála an duine lena mbaineann ar chríocha na Gearmáine agus, thairis sin, go bhféadfaí go mbeadh sé scaoilte saor go luath.

Tar éis dó a chur in iúl gur cheart breathnú ar an iarraidh ar PPU, nach raibh infheidhme sa chás sin, amhail gur iarraidh ar PPA a bhí ann,³³ thug Uachtarán na Cúirte faoi deara go raibh fadhbanna maidir le léiriú ag teacht chun cinn sa chás sin a bhain le réimse íogair de ghníomhaíocht reachtóir an Aontais agus le gnéithe lárnacha d'fheidhmiú an bharántais gabhála Eorpaigh, ar iarradh ar an gCúirt rialú a thabhairt ina leith den chéad uair. D'fhéadfaí go mbeadh iarmhairtí ginearálta ag an léiriú a bhí á lorg, ní hamháin do na húdaráis a n-iarrtar orthu comhoibriú i gcomhthéacs an bharántais gabhála Eorpaigh, ach do chearta na ndaoine a bhfuiltear sa tóir orthu freisin, a bhfuil éiginnteacht ag gabháil lena gcás. Mheas Uachtarán na Cúirte, dá dtabharfaí freagra go sciobtha, go gcuirfí ar chumas an údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaigh rialú a thabhairt sna coinníollacha ab fhearr ab fhéidir ar an iarraidh ar thabhairt suas a bhí déanta air, agus ar an gcaoi sin go dtabharfaí an deis dó a oibleagáidí faoi Chinneadh Réime 2002/584 a chomhlíonadh a luaithe ab fhéidir. Chuir sé PPA i bhfeidhm ar an gcás mar sin.

1.2 Tromchúis ar leith na neamhchinnteachta dlíthiúla lena mbaineann an tarchur chun réamhrialú

*Ordú an 4 Deireadh Fómhair 2012, Pringle (C-370/12, [EU:C:2012:620](#))*³⁴

'Nós imeachta brostaithe'

Tháinig an cás seo chun cinn i gcomhthéacs chruthú an tSásra Chobhsaíochta Eorpaigh (SCE), tar éis na géarchéime airgeadais a tharla sa limistéar euro in 2010. Is é is cuspóir don institiúid airgeadais idirnáisiúnta sin acmhainní airgeadais a úsáid agus tacaíocht chobhsaíochta a chur ar fáil do Bhallstáit sa limistéar euro a bhfuil fadhbanna tromchúiseacha maoinithe acu nó atá i mbaoil na bhfadhbanna sin. Sa chás sin, thug Teachta Dála caingean i gcoinne Rialtas na hÉireann. Líomhain sé go raibh Cinneadh 2011/199³⁵ neamhbhailí agus mhaígh sé freisin, tríd an gConradh lena mbunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach arna thabhairt i gcrích an 2 Feabhra 2012,³⁶ a dhaingniú, a

³³ Féach thuas, i gCuid I den bhileog seo dar teideal 'Nós imeachta práinne um réamhrialú', Roinn 1. 'Raon feidhme an nós imeachta práinne'.

³⁴ Féach freisin breithiúnas an 27 Samhain 2012, *Pringle* (C-370/12, [EU:C:2012:756](#)).

³⁵ Cinneadh 2011/199/AE.

³⁶ Tugadh an Conradh lena mbunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach i gcrích sa Bhruiséil (an Bheilg) an 2 Feabhra 2012, idir Ríocht na Beilge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Málta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice Agus Poblacht na Fionlainne. Tháinig sé i bhfeidhm an 27 Meán Fómhair 2012.

fhormheas nó a ghlacadh, go mbeadh Éire ag glacadh le hoibleagáidí nach mbeadh ag teacht leis na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe.

Sa chomhthéacs sin, chuir an Chúirt Uachtarach an t-ábhar faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais agus d'iarr sí go gcuirfí PPA i bhfeidhm, agus d'áitigh sí go raibh sé rithábhachtach go ndéanfaidh Éire Conradh SCE a dhaingniú go tráthúil do chomhaltaí eile den Sásra Cobhsaíochta Eorpach agus, go háirithe, dóibh siúd a raibh cúnamh airgeadais de dhíth orthu. Cé go ndearna Éire Conradh SCE a dhaingniú idir an dá linn, mar a rinne na Ballstáit eile go léir a shínigh, chuir Uachtarán na Cúirte in iúl gur eascair éiginnteacht maidir le bailíocht an chonartha sin as na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú sa chás sin. Agus é ag tagairt d'imthosca eisceachtúla na géarchéime airgeadais a bhí ann agus an conradh sin á thabhairt i gcrích, chinn Uachtarán na Cúirte nár mhór PPA a chur i bhfeidhm chun an éiginnteacht sin a réiteach a luaite ab fhéidir, ar údar dochair an éiginnteacht sin do chuspóir Chonradh SCE, eadhon cobhsaíocht airgeadais an limistéir euro a chaomhnú.

*Orduithe an 15 Feabhra 2017, Mengesteab (C-670/16, [EU:C:2017:120](#))*³⁷ agus *Jafari (C-646/16, [EU:C:2017:138](#))*³⁸

'Nós imeachta brostaithe'

I gCás *Mengesteab* (C-670/16), rinne náisiúnach de chuid na hEitré iarratas ar thearmann ar údarais na Gearmáine, agus d'eisigh siad teastas cláraithe, ós rud é, faoi dhlí na Gearmáine,³⁹ go ndéantar idirdhealú idir an gníomh lena gcuirtear in iúl go bhfuil tearmann á lorg, ar eisítear teastas mar sin dá bharr, agus an gníomh lena ndéantar iarratas oifigiúil ar thearmann. Faoi uair a bhí an duine lena mbaineann in ann iarratas ar thearmann a dhéanamh ar deireadh, ní mí ina dhiaidh sin, bhí sé iarrtha ag údarais na Gearmáine go dtógfadh údarais na hIodáile an duine sin faoi chúram, ós faoi Phoblacht na hIodáile a bhí sé scrúdú a dhéanamh ar an iarratas de réir Rialachán Bhaile Átha Cliath III. Mar sin, rinneadh an t-iarratas ar thearmann a dhíbhe toisc é a bheith do-ghlactha agus ordáíodh go n-aistreofaí é chuig an Iodáil. Agus achomharc i gcoinne an chinnidh aistrithe sin os a comhair, cheistigh Verwaltungsgericht Minden (an Chúirt Riaracháin, Minden, an Ghearmáin), ar thaobh amháin, an bhféadfadh iarrthóir tearmainn a éileamh go bhfuil an tréimhse chun an iarraidh ar ghabháil ar láimh imithe in éag, agus, ar an taobh eile, cé na modhanna úsáid chun na tréimhsí sin a ríomh. Faoi Airteagal 21(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, i gcás nach gcomhlíontar na tréimhsí teorainn a leagtar síos, is faoin mBallstát inar taisceadh an t-iarratas a bheidh sé an t-iarratas a scrúdú. Thug Verwaltungsgericht Minden (an Chúirt Riaracháin, Minden) dá haire, áfach, go mion minic a bhí moill mar sin ann sa Ghearmáin mar gheall ar an méadú neamhghnách a tháinig ar líon na n-iarrthóirí tearmainn in 2015.

³⁷ Féach freisin breithiúnas an 26 Iúil 2017 (an Mór-Dlísheomra), *Mengesteab* (C-670/16, [EU:C:2017:587](#)).

³⁸ Féach freisin breithiúnas an 26 Iúil 2017 (an Mór-Dlísheomra), *Jafari* (C-646/16, [EU:C:2017:586](#)).

³⁹ Asylgesetz (an Dlí maidir le Tearmann), sa leagan arna fhoilsiú an 2 Meán Fómhair 2008 (BGBl. 2008 I, Ich. 1798).

I gCás Jafari (C-646/16), thrasnaigh baill de chlann ón Afganastáin an teorann idir an tSeirbia agus an Chróit. Shocraigh údarás na Cróite ina dhiaidh sin chun iad a aistriú chuig an teorann leis an tSlóivéin, ionas go bhféadfaidís dul chuig Ballstáit eile chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh ann, agus rinne an chlann amhlaidh san Ostair. Sa mhéid a fhoráiltear le Rialachán Bhaile Átha Cliath III go mbeidh an fhreagracht ar an mBallstát ar trasnaíodh an teorann go mídhleathach ann, d'iarr údaráis na hOstaire ar údaráis na Cróite na daoine lena mbaineann a ghlacadh faoi chúram. Rinneadh iarratais na clainne a dhíbhe agus ordaíodh go n-aistreofaí iad chuig an gCróit. Agus achomharc i gcoinne na gcinntí sin os a comhair, cheistigh Verwaltungsgerichtshof (an Chúirt Riaracháin, an Ostair) an Chúirt maidir leis an gcaoi inar cheart na critéir a chur i bhfeidhm a bhaineann le doiciméid chónaithe nó víosaí agus le hiontráil agus le cónaí, dá bhforáiltear in Airteagail 12 agus 13 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

D'iarr an dá chúirt náisiúnta go gcuirfí PPA i bhfeidhm, agus ghlac an Chúirt leis na hiarratais sin.

Sa dá chás sin, mheabhraigh Uachtarán na Cúirte i dtosach, más rud é go bhféadfaí go mbainfeadh an cinneadh atá le tabhairt ag an gcúirt a rinne an tarchur tar éis di tarchur chun réamhrialú a dhéanamh le líon mór daoine nó cásanna dlíthiúla, gurb iondúil nach bhféadfadh an méid sin ann féin a bheith ina imthoisc is údar le nós imeachta práinne um réamhrialú a chur i bhfeidhm (orduithe an 15 Feabhra 2017, *Mengesteab*, C-670/16, [EU:C:2017:120](#), mír 10, agus *Jafari*, C-646/16, [EU:C:2017:138](#), mír 10).

Mar sin féin, chuir sé in iúl nach bhféadfadh an breithniú sin a bheith cinntitheach sa chás a bhí os a chomhair, ós rud é gur bhain na ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú leis an oiread sin cásanna go bhféadfaí go mbeadh an éiginnteacht maidir lena dtoradh mar chonstaic i bhfeidhmiú an chórais arna bhunú le Rialachán Bhaile Átha Cliath III agus, dá bhrí sin, go mbainfí an bonn den chomhchóras Eorpach tearmainn arna bhunú ag reachtóir an Aontais de bhun Airteagal 78 CFAE. Ar thaobh amháin, tháinig na cásanna sin chun cinn i gcomhthéacs nach bhfacthas a leithéid riamh inar cláraíodh líon thar a bheith ard d'iarratais ar thearmann sa Ghearmáin, san Ostair agus, ar bhonn níos ginearálta, san Aontas Eorpach, faoi choinníollacha atá cosúil leis na coinníollacha a bhí i gceist sa chás reatha. Ar an taobh eile, sna cásanna sin ardaítear fadhbanna maidir le léiriú atá nasctha go díreach leis an gcomhthéacs sin agus a bhaineann le gnéithe lárnacha den chóras arna bhunú le Rialachán Bhaile Átha Cliath III, a n-iarrtar ar an gcúirt rialú a thabhairt ina leith den chéad uair. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí go mbeadh iarmhairtí ginearálta ag freagra na Cúirte do na húdaráis náisiúnta a n-iarrtar orthu comhoibriú d'fhonn an Rialachán sin a chur i bhfeidhm (orduithe an 15 Feabhra 2017, *Mengesteab*, C-670/16, [EU:C:2017:120](#), míreanna 11 go 13, agus *Jafari*, C-646/16, [EU:C:2017:138](#), míreanna 11 go 13).

Dar le hUachtarán na Cúirte, mar gheall ar an éiginnteacht maidir leis an mBallstát atá freagrach as iarratais ar thearmann amhail na cinn a bhí i gceist sna príomhimeachtaí a scrúdú, ní fhéadfadh na húdaráis inniúla náisiúnta foráil a dhéanamh le haghaidh bearta

riaracháin agus bearta buiséadacha a bhí ag teastáil chun a chinntiú, i gcomhréir leis na hoibleagáidí faoi dhlí an Aontais agus faoi cheanglais idirnáisiúnta na mBallstát lena mbaineann, go scrúdófaí na hiarratais sin agus go nglacfaí leis na hiarrthóirí. I gcomhthéacs na géarchéime urghnáiche, tá PPA ag teastáil chun fáil réidh leis an éiginnteacht sin a luaithe is féidir is cúis dochair d'fheidhmiú chuí an chomhchórais Eorpaigh Thearmainn, rud a chuireann le meas a léiriú ar Airteagal 18 den Chairt (Orduithe an 15 Feabhra 2017, *Mengesteab*, C-670/16, [EU:C:2017:120](#), míreanna 15 agus 16, agus *Jafari*, C-646/16, [EU:C:2017:138](#), míreanna 14 agus 15).

Ordú an 28 Feabhra 2017, M.A.S. agus M.B. (C-42/17, [EU:C:2017:168](#)) ⁴⁰

'Nós imeachta brostaithe'

Tháinig ceist maidir le bunreachtúlacht os comhair La Corte costituzionale (an Chúirt Bhunreachtúil, an Iodáil) ó dhá chúirt Iodálacha a cheistigh an bhféadfaí go mbeadh prionsabal na dlíthiúlachta á shárú tríd an riail i mbreithiúnas *Taricco agus páirtithe eile* ⁴¹ a chur i bhfeidhm in imeachtaí coiriúla a bhí ar feitheamh os a gcomhair. Meabhraím duit, sa bhreithiúnas sin, gur chinn an Chúirt, in dhá chás a shainaithin sí, go bhféadfaí go mbeadh na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar na Ballstáit le hAirteagal 325(1) agus (2) de CFAE á sárú le rialacha na hIodáile maidir leis na teorannacha is infheidhme maidir le cionta cánach a bhaineann le cáin bheisluacha (CBL). Dá bhrí sin, chinn an Chúirt, sna cásanna sin, go raibh ar an gcúirt náisiúnta inniúil lánéifeacht a thabhairt d'Airteagal 325(1) agus (2) CFAE, gan forálacha an dlí náisiúnta lena mbaineann a chur i bhfeidhm, más gá.

Faoin riail a leagtar amach sa bhreithiúnas sin, mheas na cúirteanna Iodálacha, sna cásanna a bhí os a gcomhair, nár mhór dóibh neamhaird a dhéanamh den tréimhse theorann a leagtar síos le Cód Coiriúil na hIodáile agus, dá bhrí sin, rialú a thabhairt ar shubstaint an cháis. Bhí amhras ar an Corte costituzionale (an Chúirt Bhunreachtúil) maidir le comhoiriúnacht réitigh den sórt sin leis an bprionsabal nach mór cionta agus pionóis a shainiú le dlí, a chumhdaítear i mBunreacht na hIodáile, arna léiriú ag an gcúirt sin, ós rud é faoin bprionsabal sin nach mór forálacha coiriúla a chinneadh go beacht agus nach féidir leo a bheith cúlghabhálach.

D'iarr an Corte costituzionale (an Chúirt Bhunreachtúil) go gcuirfí PPA i bhfeidhm ar an tarchur chun réamhrialú, agus í ag áitiú go raibh fíor-éiginnteacht tagtha chun cinn maidir leis an léiriú a bhí le déanamh ar dhlí an Aontais, go raibh difear á dhéanamh leis an éiginnteacht sin d'imeachtaí coiriúla a bhí ar feitheamh agus nár mhór í a dhíbirt mar ábhar práinne. I ndáil leis sin, dhearbhaigh Uachtarán na Cúirte, dá dtabharfaí freagra laistigh de thréimhse ghearr ama, go gcuirfí deireadh leis an éiginnteacht sin agus, a

⁴⁰ Féach freisin breithiúnas an 5 Nollaig 2017 (an Mór-Dlísheomra), *M.A.S. agus M.B.* (C-42/17, [EU:C:2017:936](#)).

⁴¹ Breithiúnas an 8 Meán Fómhair 2015, *Taricco agus páirtithe eile* (C-105/14, [EU:C:2015:555](#)).

mhéid a bhain sí le ceisteanna bunúsacha faoi dhlí bunreachtúil náisiúnta agus faoi dhlí an Aontais, go raibh údar le PPA a chur i bhfeidhm.

Orduithe an 26 Meán Fómhair 2018, Zakład Ubezpieczeń Społecznych (C-522/18, [EU:C:2018:786](#)), agus an 15 Samhain 2018, an Coimisiún v an Pholainn (C-619/18, [EU:C:2018:910](#))

‘Nós imeachta brostaithe’

Bhain an dá chás sin le comhréireacht idir dlí nua sa Pholainn ⁴² agus dlí an Aontais. Leis an dlí sin, a tháinig i bhfeidhm an 3 Aibreán 2018, rinneadh aois scoir chomhaltaí an Sądu Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn), a laghdú ó 70 go 65 bliana d’aois, agus socraíodh na coinníollacha faoinar féidir ceadú do na comhaltaí sin leanúint ar aghaidh lena gcuid dualgas i gcásanna áirithe. I ndáil leis sin, foráladh ar thaobh amháin go raibh feidhm ag an dlí sin i leith breithimh atá sa phost faoi láthair, arna gceapadh ar an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) sular tháinig sé i bhfeidhm, agus, ar an taobh eile, go bhfuil sé de chumhacht lánroghnach ag Uachtarán Phoblacht na Polainne síneadh a chur le tréimhse ghníomhaíocht bhreithiúnach na mbreitheamh sin thar 65 bliana d’aois.

I gcás *Zakład Ubezpieczeń Społecznych* (C-522/18), , roimh di rialú a thabhairt, rinne gnáthfhoirmíocht den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) ceisteanna áirithe a tharchur chuig an bhfoirmíocht mhéadaithe den chúirt sin. Ag réamhchéim an scrúdaithe ar na ceisteanna sin, chuir an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) in iúl go bhféadfaí go mbeadh tionchar ag an dlí sin ar théarmaí oifige de bheirt comhaltaí de chomhdhéanamh mhéadaithe na cúirte sin. Mar sin féin, chuir an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) in iúl, agus í ag suí mar chomhdhéanamh mhéadaithe, go raibh amhras uirthi maidir le comhréireacht idir an dlí sin agus dlí an Aontais, go háirithe sa mhéid a bhaineann le sárúithe a d’fhéadfadh a bheith déanta ar phrionsabail an smachta reachta, ar phrionsabal do-aistritheacht agus neamhspleáchas na mbreithiúna, agus ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe ar fhorais aoise. Mheas sí, dá bhrí sin, go raibh soiléiriú ón gCúirt ag teastáil agus rinne sí iarraidh ar réamhrialú. D’iarr an chúirt sin freisin go gcuirfí PPU i bhfeidhm, agus í ag áitiú go raibh an léiriú a iarradh ar dhlí an Aontais fíor-riachtanach chun a chur ar a chumas a dlínse a fheidhmiú go dleathach agus i gcomhréir le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla (ordú an 26 Meán Fómhair 2018, *Zakład Ubezpieczeń Społecznych*, C-522/18, [EU:C:2018:786](#), mír 12).

Go comhuaineach, i gCás *an Coimisiún v an Pholainn* (C-619/18), thug an Coimisiún imeachtaí mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáid a chomhlíonadh ar bhonn Airteagal 258 CFAE i gcoinne Phoblacht na Polainne, agus é ag rá, tríd an dlí sin a ghlacadh, gur mhainnigh an tír sin a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin dara fomhír

⁴² Ustawa o Sądzie Najwyższym [Dlí maidir leis an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] an 8 Nollaig 2017 (Dz. U. 2018 Roinn 5).

d’Airteagal 19(1) de CAE agus faoi Airteagal 47 den Chairt. D’iarr an Coimisiún freisin go gcuirfí an cás sin faoi réir nós imeachta brostaithe, agus chuir sí in iúl go raibh amhras uirthi maidir le cumas an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) chun leanúint ar aghaidh ag tabhairt rialuithe i gcomhréir leis an gceart bunúsach atá ag gach duine aonair rochtain a fháil ar bhinse neamhspleách (ordú an 15 Samhain 2018, *an Coimisiún v an Pholainn*, C-619/18, [EU:C:2018:910](#), mír 20).

Ghlac Uachtarán na Cúirte leis an dá iarraidh sin, agus béim á leagan aige ar an tromchúis a bhí ag gabháil le héiginnteacht na cúirte a rinne an tarchur agus an Choimisiún, agus é ag cur in iúl go bhféadfaí deireadh a chur leis na héiginnteachtaí sin trí fhreagra a thabhairt laistigh de thréimhse ghearr ama.

Maidir le tromchúis na n-éiginnteachtaí, thug Uachtarán na Cúirte dá aire gur bhain siad le ceistanna tábhachtacha de dhlí an Aontais i ndáil, *inter alia*, le neamhspleáchas breithiúnach, agus gur bhain siad leis na hiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ag léiriú ar an dlí sin ar chomhdhéanamh agus ar fheidhmiú chúirt uachtarach na Polainne féin. I ndáil leis sin, ar thaobh amháin, mheabhraigh Uachtarán na Cúirte go bhfuil an ceanglas maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna mar chuid riachtanach den cheart bunúsach chun triail chóir a fháil, a bhfuil tábhacht bhunúsach ag gabháil leis ós ráthaíocht é ar chosaint na gceart uile a fhaigheann daoine aonair ó dhlí an Aontais agus ar chaomhnú na luachanna is coiteann do na Ballstáit a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, go háirithe luach an smachta reachta. Ar an taobh eile, chuir Uachtarán na Cúirte in iúl go bhféadfadh tionchar a bheith ag na héiginnteachtaí a bhí i gceist sna cásanna sin ar fheidhmiú chóras an chomhair bhreithiúnaigh, ar léiriú air an sásra réamhrialaithe dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, atá ríthábhachtach do chóras breithiúnach an Aontais Eorpaigh. Tá neamhspleáchas na gcúirteanna náisiúnta, agus go háirithe neamhspleáchas na gcúirteanna a thugann rialú ag an gcéim dheireanach, amhail an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), fíor-riachtanach (orduithe an 26 Meán Fómhair 2018, *Zakład Ubezpieczeń Społecznych*, C-522/18, [EU:C:2018:786](#), mír 15, agus an 15 Samhain 2018, *an Coimisiún v an Pholainn*, C-619/18, [EU:C:2018:910](#), míreanna 21, 22 agus 25).

Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, san ord in *an Coimisiún v an Pholainn*,⁴³ gur thug Uachtarán na Cúirte freagra freisin ar líomhain Phoblacht na Polainne go ndéanfaí difear dá chearta cosanta dá gcuirfí nós imeachta brostaithe i bhfeidhm. Cháin an Stát sin an fíoras nach mór don Stát is cosantóir a argóintí go léir a chur i láthair in aon phléadáil amháin agus nach dtugtar freagra ná athfhreagra mar chuid de na himeachtaí. D’áitigh sí freisin go raibh an Coimisiún mall chun an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte agus nach bhféadfaí an mhoill sin a fhritháireamh le srian den sórt sin ar a chearta nós imeachta. Mheabhraigh Uachtarán na Cúirte go bhféadfar an t-iaratas agus an chosaint a fhorlíonadh le freagra agus athfhreagra faoin nós imeachta brostaithe, ach díreach i gcás ina measann Uachtarán na Cúirte go bhfuil

⁴³ Ordú an 15 Samhain 2018, *an Coimisiún v an Pholainn* (C-619/18, [EU:C:2018:910](#)).

gá leis sin, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, agus sa chás sin amháin. I gcás nach gceadófaí freagra a thaisceadh, ní léir cén chaoi, in éagmais freagra den sórt sin, agus, dá bhrí sin, in éagmais argóintí agus forbairtí lena ndéanfaí na cinn a leagtar amach san iarratas a fhorlíonadh, a mbeadh gach deis ag an gcosantóir freagra a thabhairt orthu ina chosaint, a bhféadfadh an cosantóir sin a éileamh go ndéanfaí difear dá chearta cosanta toisc nach bhfuil sé in ann athfhreagra a thaisceadh. Ina theannta sin, mheabhraigh Uachtarán na Cúirte go mbíonn nós imeachta réamhdhlíthíochta roimh imeachtaí mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáid a chomhlíonadh os comhair na Cúirte ina mbíonn an deis ag na páirtithe a gcuid argóintí a leagan amach agus a fhorbairt, ar argóintí iad a d'fhéadfaí a iarraidh orthu ina dhiaidh sin iad a fhorbairt os comhair na Cúirte.

Ordú an 19 Meán Fómhair 2018, Wightman agus páirtithe eile (C-621/18, [EU:C:2018:851](#)) ⁴⁴

'Nós imeachta brostaithe'

Tionscnaíodh an cás seo tar éis gur fhógair an Príomh-Aire an 29 Márta 2017 go raibh rún ar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire tarraingt siar as an Aontas Eorpach ar bhonn Airteagal 50 CAE. Sa chomhthéacs sin rinne na hiarratasóirí, agus feisire de Parliament of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland (Parlaimint Ríocht-Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann) ina measc, chomh maith le beirt fheisirí den Scottish Parliament (Parlaimint na hAlbana, an Ríocht Aontaithe) agus triúir feisirí de Pharlaimint na hEorpa, iarratas ar athbhreithniú breithiúnach lenar iarradh go dtabharfaí dearbhú chun a fháil amach an bhféadfaí an fógra sin a chúlghairm go haontaobhach agus, dá bhféadfaí, cén uair agus cén chaoi a bhféadfaí.

Agus achomharc i gcoinne dhiúltú an iarratais sin os a comhair, ghlac an Court of Session, Inner House, First Division (Scotland) (Cúirt an tSeisiúin ina suí di mar chúirt achomhairc, an Chéad Dlísheomra (an Albain), an Ríocht-Aontaithe), le hiarratas na n-iarratasóirí sna príomhimeachtaí go ndéanfaí tarchur chun réamhrialú. Murab ionann agus an chúirt chéadchéime, mheas an chúirt sin, maidir leis an gceist an bhféadfadh Ballstát fógra arna thabhairt faoi Airteagal 50(2) CAE a chúlghairm go haontaobhach roimh dheireadh na tréimhse dhá bhliain dá dtagraítear san Airteagal sin agus fanacht san Aontas, nach raibh sí go hiomlán teoriciúil mar cheist agus nach raibh sé róluath lena cur ar an gCúirt. Mheas sí, contrártha leis sin, go bhféadfaí soiléiriú a bhaint as freagra ón gCúirt maidir leis na roghanna a bhí ag feisirí agus iad ag vótáil ar na hábhair sin.

D'iarr an Court of Session, Inner House, First Division (Scotland) (Cúirt an tSeisiúin ina suí di mar chúirt achomhairc, an Chéad Dlísheomra (an Albain), an Ríocht-Aontaithe) go gcuirfí PPA i bhfeidhm. Chuir sí in iúl go raibh práinn ag baint lena iarraidh mar gheall,

⁴⁴ Féach freisin breithiúnas an 10 Nollaig 2018 (an Chúirt iomlán), Wightman agus páirtithe eile (C-621/18, [EU:C:2018:999](#)).

ar thaobh amháin, ar an tréimhse teorainn de dhá bhliain a thosaigh an 29 Márta 2017 atá i bhfeidhm ar an nós imeachta sin chun tarraingt siar, agus, ar an taobh eile, ar an gcaoi nár mhór díospóireachta agus vótáil a eagrú i bParlaimint na Ríochta Aontaithe maidir leis an ábhar sin i bhfad roimh an 29 Márta 2019.

Mheas Uachtarán na Cúirte go raibh forais leagtha amach ag an gcúirt a rinne an tarchur ónar léir gan dabht nár mhór rialú a thabhairt mar ábhar práinne. I ndáil leis sin mheabhraigh sé, má tá éiginnteachtaí tromchúiseacha i gceist le cás, ar éiginnteachtaí iad a bhaineann le ceisteanna bunúsacha den dlí bunreachtúil náisiúnta nó de dhlí an Aontais, go bhféadfaí gur ghá an cás a phróiseáil go sciobtha, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis. Dá réir sin, ós rud é go bhfuil ríthábhacht ag gabháil le cur i bhfeidhm Airteagal 50 CAE don Ríocht-Aontaithe agus d'ord bunreachtúil an Aontais Eorpaigh, bhí imthosca sonracha an cháis reatha mar údar leis an gcás sin a phróiseáil go sciobtha, dar le hUachtarán na Cúirte.

Breithiúnas an 22 Feabhra 2022 (an Mór-Dlísheomra), RS (Éifeacht Breithiúnas de chuid Cúirt Bhunreachtúil) (C-430/21, [EU:C:2022:99](#))

Tarchur chun réamhrialú – An smacht reachta – Neamhspleáchas na mbreithiúna – An dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Tosaíocht dhlí an Aontais – Easpa dlínse cúirte náisiúnta chun scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht le dlí an Aontais maidir le reachtaíocht náisiúnta a mheastar a bheith i gcomhréir leis an mBunreacht ag cúirt bhunreachtúil an Bhallstáit lena mbaineann – Imeachtaí araíonachta'

Sa chás sin, ciontaíodh an duine lena mbaineann ag deireadh imeachtaí coiriúla sa Rómáin. Thaisc a bhean chéile gearán coiriúil ina dhiaidh sin a bhain le breithiúna, *inter alia*, as sárúithe a líomhnaíodh le linn na n-imeachtaí coiriúla sin. Ina dhiadh sin, thionscain an duine lena mbaineann caingean os comhair Curtea de Apel Craiova (an Chúirt Achomhairc, Craiova, an Rómáin), chun agóid a dhéanamh i gcoinne fhad iomarcach na n-imeachtaí coiriúla a tionscnaíodh tar éis an ghearáin sin.

Chun rialú a thabhairt ar an gcaingean sin, níor mhór do Curtea de Apel Craiova (an Chúirt Achomhairc, Craiova) measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht idir dlí an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta lenar bunaíodh rannóg speisialaithe d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí chun imscrúdú a dhéanamh ar chionta arna ndéanamh laistigh de chóras breithiúnach na Rómáine. Ní raibh an chúirt sin in ann scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht na reachtaíochta náisiúnta sin le dlí an Aontais, áfach, i bhfianaise bhreithiúnas an Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil, an Rómáin) arna

thabhairt i ndiaidh bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnas i gcás *Asociația 'Forumul Judecătorilor din România'* agus páirtithe eile.⁴⁵

Sa chomhthéacs sin, chinn Curtea de Apel Craiova (an Chúirt Achomhairc, Craiova) tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt chun a shoiléiriú, go bunúsach, an bhféadfadh bac a bheith ann faoi dhlí an Aontais ar easpa dlínse breithimh náisiúnta na gnáthchúirte chun scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht idir dlí an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta mar sin, agus ar smachtbhannaí araíonacht a chur i bhfeidhm ar an mbreitheamh sin, ar an bhforas gur chinn sé scrúdú a dhéanamh.

Ina theannta sin, d'iarr an chúirt a rinne an tarchur go gcuirfí an cás faoi réir PPU nó, mar rogha mhalartach, PPA, ar an bhforas gur bhain an cás ónar eascair an tarchur sin leis an mbonn a bheith á bhaint de neamhspleáchas chúirteanna na Rómáine agus go bhféadfaí go mbeadh tionchar ag na héiginnteachtaí maidir leis an reachtaíocht náisiúnta a bhí i gceist sna príomhimeachtaí ar fheidhmiú chóras na chomhair bhreithiúnaigh a bunaíodh leis an sásra réamhrialaithe dá bhforáiltear in Airteagal 267 de CFAE.

Ós rud é gur diúltaíodh don iarradh ar PPU, chinn Uachtarán na Cúirte glacadh leis an iarraidh an tarchur chun réamhrialú a chur faoi réir PPA ar an bhforas, dá dtabharfaí freagra go sciobtha, go réiteofaí éiginnteachtaí tromchúiseacha a bhí ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le gnéithe tábhachtacha de dhlí an Aontais agus den dlí bunreachtúil agus go háirithe maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna a bhféadfaí iarmhairtí níos ginearálta a bheith acu ar an gcóras breithiúnach lena mbaineann ina iomláine.

1.3 Saoirse a bhaint den iarratasóir

Breithiúnas an 19 Nollaig 2019, Junqueras Vies (C-502/19, [EU:C:2019:1115](#))

'Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta brostaithe – Dlí institiúideach – Saoránach den Aontas Eorpach arna thofa chuig Parlaimint na hEorpa le linn dó nó di a bheith faoi choinneáil shealadach i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla – Airteagal 14 CAE – An coincheap "Feisire de Pharlaimint na hEorpa" – Airteagal 343 CFAE – Na díolúintí is gá chun cúraimí an Aontais Eorpaigh a bhaint amach – Prótacal (Uimh. 7) ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh – Airteagal 9 – Díolúintí atá ag Feisirí de Pharlaimint na hEorpa – Díolúine maidir le taisteal – Díolúine maidir le suí – Raon feidhme pearsanta, ama agus ábhartha na ndíolúintí éagsúla – Díolúine arna tarscaoileadh ag Parlaimint na hEorpa – Iarraidh ó chúirt náisiúnta go ndéanfaí díolúine a tharscaoileadh – Ionstraim maidir le toghadh fheisirí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil

⁴⁵ Breithiúnas an 18 Bealtaine 2021 (an Mór-Dlísheomra), *Asociația 'Forumul Judecătorilor Din România'* agus páirtithe eile (C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, [EU:C:2021:393](#)), inar chinn an Chúirt go raibh an reachtaíocht lena mbaineann contrártha do dhlí an Aontais i gcás nach bhfuil údar le rannóg mar sin a chruthú mar gheall ar riachtanais oibiachtúla indeimhnithe a bhaineann le deariar an cheartais ag nach bhfuil ráthaíochtaí sonracha ag gabháil leis arna sainaithint ag an gCúirt (féach mír 5 den chuid oibríochtúil den bhreithiúnas).

chomhchoiteann dhíreach – Airteagal 5 – Barántas – Airteagal 8 – Nósanna imeachta um thoghcháin – Airteagal 12 – Dintíúir Fheisirí Pharlaimint na hEorpa a fhíorú tar éis torthaí an toghcháin a dhearbhu go hoifigiúil – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 39(2) – Feisirí a thogha ar Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach rúnda – An ceart chun seasamh mar iarrthóir

Sa chás sin, thug polaiteoir arna thoghadh ar Pharlaimint na hEorpa i dtoghcháin an 26 Bealtaine 2019 caingean i gcoinne ordú an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach, an Spáinn) lenar diúltaíodh cead urghnách a thabhairt dó imeacht ón bpríosúin. Cuireadh an duine sin faoi choinneáil réamhthrialach roimh na toghcháin sin mar chuid d'imeachtaí coiriúla arna dtionscnamh ina choinne mar gheall ar an mbaint a bhí aige in olltoghchán an fhéinchinntiúcháin a eagrú a tharla an 1 Deireadh Fómhair 2017 i gComhphobal Féinrialaitheach na Catalóine. D'iarr sé an cead sin chun nósmaireacht a dhéanamh atá riachtanach faoi dhlí na Spáinne, eadhon gealltanais a dhéanamh nó focal a thabhairt cloí le bunreacht na Spáinne os comhair Coimisiún Lárnach Toghchán, agus dul os comhair Pharlaimint na hEorpa chun páirt a ghlacadh i suí bunaithe na an Reachtais nua.

Chuir an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) ceisteanais ar an gCúirt maidir le léiriú ar Airteagal 9 de Phrótacal (Uimh. 7) ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh (IO 2012 C 326, lch. 266) nár tháinig chun cinn agus an breithiúnas á thabhairt ar an substaint sna himeachtaí coiriúla i gcoinne an duine lena mbaineann, ach a tháinig chun cinn nuair a thug sé sin achomharc i gcoinne an orduithe lena mbaineann. Tar éis di an tarchur a dhéanamh, d'fhorchur an chúirt náisiúnta an 14 Deireadh Fómhair 2019 13 bliana sa phríosún agus, ar feadh na tréimhse chéanna ama, cosc iomlán ar aon fheidhmeanna nó oifigí poiblí a bheith aige.

Sa chomhthéacs sin d'iarr an chúirt a rinne an tarchur go gcuirfí PPA i bhfeidhm. Mar thaca lena hiarraidh, mhaígh an chúirt sin, go bunúsach, gur bhain na ceisteanais arna dtarchur chun réamhrialú aici le stádas Feisire de Pharlaimint na hEorpa agus le comhdhéanamh na hinstiúide sin, go bhféadfadh sé a bheith mar thoradh indéach ar fhreagraí na Cúirte ar na ceisteanais sin go gcuirfí ar fionraí an staid ina raibh saoirse an duine lena mbaineann á baint de, agus gur tháinig an staid sin inar baineadh saoirse de faoin staid dá dtagraítear sa cheathrú fomhír d'Airteagal 267 CFAE.

Ghlac Uachtarán na Cúirte leis an iarraidh ar PPA. I ndáil leis sin, thug sé faoi deara, ar an gcéad dul síos, go raibh an duine lena mbaineann faoi choinneáil réamhthrialach ar an dáta a rinneadh an iarraidh ar réamhrialú, sa chaoi nár mhór na ceisteanais a tharchuir an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) a mheas mar cheisteanais a ardaíodh i ndíospóid a bhaineann le duine faoi choinneáil de réir bhrí an cheathrú mír d'Airteagal 267 CFAE, agus, ar an dara dul síos, go raibh na ceisteanais sin beartaithe chun léiriú a fháil ar fhoráil de dhlí an Aontais a bhféadfadh, mar gheall ar a nádúr féin, éifeacht a bheith aici ar choinneáil leanúnach an duine lena mbaineann dá gcinnfí go raibh feidhm aici ina leith.

1.4 Tionchar ar an teaghlach

Breithiúnas an 14 Nollaig 2021 (an Mór-Dlísheomra), Stolichna obshtina, rayon 'Pancharevo' (C-490/20, [EU:C:2021:1008](#))

'Tarchur chun réamhrialú – Saoránacht an Aontais – Airteagal 20 agus 21 CFAE – An ceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát – Leanbh a rugadh i mBallstát óstach a tuismitheoirí – Deimhniú breithe arna eisiúint ag an mBallstát sin ina luaitear beirt mháithreacha don leanbh sin – Diúltú Bhallstáit tionscnaimh duine den bheirt mháithreacha sin teastas breithe a eisiúint don leanbh in éagmais faisnéise maidir le céannacht mháthair bhitheolaíoch an linbh – Deimhniú den sórt sin a shealbhú mar réamhriachtanas chun cárta aitheantais nó pas a eisiúint – Reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit tionscnaimh sin nach gceadaítear tuismitheoireacht chomhghnéis faoi'

Bhain an díospóid sna príomhimeachtaí le náisiúnach de chuid na Bulgáire agus Stolichna obshtina, rayon 'Pancharevo' (bardas Shóifia, ceantar Pancharevo, an Bhulgáir) ('bardas Shóifia'), maidir le diúltú an bhardais sin teastas breithe a eisiúint d'iníon an náisiúnaigh Bulgáraigh sin agus a mná céile, náisiúnach den Ríocht Aontaithe. I dteastas breithe an linbh sin, a rugadh in 2019, arna tharraingt suas ag údaráis na Spáinne, luaitear an bheirt mháithreacha mar thuismitheoirí. Bhí cónaí orthu sin sa Spáinn in éineacht lena n-iníon.

Chuir náisiúnach na Bulgáire iarratas faoi bhráid bhardas Shóifia, agus leagan Bulgáirise den sliocht ó chlár stádas sibhialta na Spáinne a bhaineann le teastas breithe an linbh á chur ar fáil aici, arna dhlísteánú agus arna dheimhniú. D'éiligh Bardas Shóifia fianaise ar thuismíocht an linbh lena mbaineann, go sonrach maidir le céannacht a máthar bhitheolaíche, toisc nach raibh ach bosca amháin i bhfoirm bhreithe na Bulgáire don 'mháthair' agus bosca amháin eile don 'athair'. Dhiúltaigh sí an fhaisnéis sin a chur ar fáil, agus dá bharr sin dhiúltaigh Bardas Shóifia an teastas breithe a bhí á iarraidh a eisiúint, agus é ag cur in iúl go raibh sé contrártha do bheartas poiblí na Bulgáire beirt bhan a lua, agus nár ceadaíodh pósadh comhghnéis faoi.

Agus achomharc i gcoinne an chinnidh diúltaithe sin os a comhair, d'fhiafraigh Administrativen sad Sofia-grad (an Chúirt Riaracháin, Sóifia, an Bhulgáir), *inter alia*, ar sháraigh údaráis na Bulgáire cearta an linbh faoi Airteagal 4(2) CAE, Airteagail 20 agus 21 CFAE agus Airteagail 7, 9, 24 agus 45 den Chairt nuair a dhiúltaigh siad breith linbh a rugadh i mBallstát eile a chlárú, agus teastas breithe aici inar luadh beirt mháithreacha.

D'iarr an chúirt sin go gcuirfí PPA i bhfeidhm freisin, ar an bhforas go mbeadh deacrachtaí tromchúiseacha ag an leanbh sin is náisiúnach de chuid na Bulgáire agus í ag iarraidh doiciméad aitheantais na Bulgáire a fháil dá ndiúltóidh údaráis na Bulgáire teastas breithe a eisiúint di, agus, dá bhrí sin, go mbeadh deacrachtaí aici maidir lena

ceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát a fheidhmiú, a ráthaítear le hAirteagal 21 CFAE.

Chinn Uachtarán na Cúirte glacadh leis an iarratas ar PPA ar an bhforas go raibh an leanbh lena mbaineann óg agus gan pas aici ag an uair sin, cé go raibh cónaí uirthi i mBallstát nach náisiúnach dá chuid í. Shonraigh Uachtarán na Cúirte freisin, ós rud é go raibh na ceisteanna arna dtarchur beartaithe lena chinneadh an bhfuil sé de cheangal ar údaráis na Bulgáire teastas breithe a eisiúint don leanbh sin agus go leanann sé ón iarraidh ar réamhrialú go bhfuil deimhniú den sórt sin ag teastáil faoin dlí náisiúnta chun pas Bulgárach a fháil, dá dtabharfadh an Chúirt freagra laistigh de thréimhse ghearr ama go bhféadfadh an leanbh sin pas a fháil níos sciobtha dá bharr.

1.5 An baol go sárófar cearta bunúsacha

Ordú an 15 Iúil 2010, Purucker (C-296/10, [EU:C:2010:446](#))

‘Nós imeachta brostaithe’

Bhí an díospóid sna príomhimeachtaí idir náisiúnach Gearmánach agus náisiúnach Spáinneach maidir le cearta coimeádta a leanaí, ar cúpla a bhí iontu. Níos lú ná bliain tar éis gur rugadh iad, bhí na tuismitheoirí scartha óna chéile agus bhí comhaontú curtha i gcrích acu, agus nótaireacht déanta uirthi, lena ndeimhníodh gur mhian leis an máthair filleadh ar a tír thionscnaimh in éineacht leis na leanaí. Sa deireadh, áfach, níor thug sí léi chun na Gearmáine ach duine de na leanaí, ós rud é go raibh ar an leanbh eile fanacht go sealadach sa Spáinn leis an athair ar chúiseanna leighis.

Thionscain na tuismitheoirí faoi seach roinnt imeachtaí. Sa Spáinn, rinne an t-athair iarratas ar bhearta idirlinne agus fuair sé iad, cé nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfaí na himeachtaí sin a mheas mar imeachtaí substainteacha chun cearta coimeádta na leanaí a dheonú. D'iarr sí ansin go gcuirfí cinneadh na Spáinne lenar deonaíodh na bearta sin chun feidhme sa Ghearmáin. Is as an nós imeachta sin a eascraíonn an breithiúnas in Purucker.⁴⁶ Ag an am céanna, thug an mháthair caingean maidir leis an substaint sa Ghearmáin a bhain le cearta coimeádta an bheirt leanaí, a sannadh don Amtsgericht Stuttgart (an Chúirt Dúiche, Stuttgart, an Ghearmáin).

Ina dhiaidh sin, d'fhiafraigh an chúirt sin den Chúirt an gcaithfear, i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 19(2) de Rialachán Uimh. 2201/2003, lena n-eagraítear cásanna *lis pendens* in ábhair a bhaineann le freagracht tuismitheora, an chúirt ar tugadh iarratas ar bhearta eatramhacha os a comhair (eadhon cúirt na Spáinne sa chás sin) a mheas mar 'an chéad chúirt ar tugadh imeachtaí os a comhair' le hais cúirt de chuid Ballstáit eile ar tugadh imeachtaí maidir leis an substaint os a comhair agus an cuspoir céanna acu (eadhon Amtsgericht Stuttgart (an Chúirt Dúiche, Stuttgart) sa chás sin).

⁴⁶ Breithiúnas an 15 Iúil 2010, Purucker (C-256/09, [EU:C:2010:437](#)).

D'iarr Amtsgericht Stuttgart (an Chúirt Dúiche, Stuttgart) go gcuirfí PPA i bhfeidhm freisin, agus í ag cur in iúl, d'ainneoin fhad na n-imeachtaí, nárbh fhéidir scrúdú a dhéanamh ar fhíorcheist na substainte féin fós mar gheall ar an gceist maidir le dlínse an dá chúirt ar tugadh an cás céanna os a gcomhair i mBallstáit éagsúla. Mheas an chúirt sin go raibh tionchar ag na coinníollacha sin ar iompar na bpáirtithe sa chaoi go raibh dochar á dhéanamh do cheangail teaghlaigh na leanaí. Bhí na leanaí gan aon teagmháil phearsanta lena chéile ná leis an tuismitheoir eile ar feadh trí bliana. Ina theannta sin, luaigh Amtsgericht Stuttgart (an Chúirt Dúiche, Stuttgart) nár mhór staid dhlíthiúil an linbh a réiteach chun go bhféadfadh an náisiúnach Gearmánach an leanbh a chur faoi chúram, go háirithe chun a chúram leighis a shocrú agus chun é a chlárú in institiúid oideachais. Bhí an ghabháil ar láimh sin faoi thionchar an amhrais a bhí ann ag an uair sin maidir le bailíocht agus aitheantas, sa Ghearmáin, don bheart sealadach a ghlac cúirt na Spáinne i ndáil le cearta coimeádta. I bhfianaise na n-imthosca sin, agus ag féachaint don am a caitheadh cheana mar gheall ar nósanna imeachta éagsúla a bheith ann, chinn Uachtarán na Cúirte gurb iomchuí don chúirt a rinne an tarchur freagraí a fháil ar na ceistanna a tarchuireadh a luaithe ab fhéidir, rud a d'fhág go raibh údar le PPA a chur i bhfeidhm.

Ordú an 9 Meán Fómhair 2011, Dereci agus páirtithe eile (C-256/11, [EU:C:2011:571](#)) ⁴⁷

'Nós imeachta brostaithe'

Sa chás sin, theastaigh ó chúigear náisiúnach tríú tír cónaí san Ostair in éineacht lena mbaill teaghlaigh (a gcéile, a leanaí nó a dtuismitheoirí), ar saoránaigh den Aontas iad a bhí ina gcónaí sa Stát sin agus a bhí ina náisiúnaigh ann. Níor fheidhmigh na saoránaigh sin den Aontas a gceart chun saorghluaiseachta riamh, áfach. Thairis sin, murab ionann agus náisiúnaigh áirithe ó thriú tíortha lena mbaineann, ní raibh siad spleách ar na náisiúnaigh sin ó thaobh airgid de. Diúltaíodh do na hiarratais ar chead fanachta ó na cúigear náisiúnach tríú tír agus glacadh orduithe díbeartha agus bearta aistrithe i leith ceathrar díobh.

D'fhiafraigh an Verwaltungsgerichtshof (an Chúirt Uachtarach Riaracháin, an Ostair), ar tugadh na himeachtaí os a comhair sa chomhthéacs sin, an raibh na treoirlínte arna leagan amach ag an gCúirt Bhreithiúnais in *Ruiz Zambrano* ⁴⁸ infheidhme maidir le duine nó níos mó ná duine de na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí.

D'iarr an Verwaltungsgerichtshof (an Chúirt Uachtarach Riaracháin) go gcuirfí PPA i bhfeidhm ar an tarchur. Mar thaca leis an iarratas sin, chuir sí in iúl go raibh cinntí díbeartha glactha i gcoinne fhormhór na n-iarratasóirí sna príomhimeachtaí lena ndéanfaí difear dóibh go pearsanta agus dá mbaill teaghlaigh dá ndéanfaí iad a fhorfheidhmiú. I ndáil leis sin, shonraigh sí gur diúltaíodh éifeacht fionraíochta a chur i

⁴⁷ Féach freisin breithiúnas an 15 Samhain 2011 (an Mór-Dlísheomra), *Dereci agus páirtithe eile* (C-256/11, [EU:C:2011:734](#)).

⁴⁸ Breithiúnas an 8 Márta 2011 (an Mór-Dlísheomra), *Ruiz Zambrano* (C-34/09, [EU:C:2011:124](#)).

bhfeidhm don achomharc a taisceadh i gcoinne an ordaithe díbeartha a bhain le duine de na hiarratasóirí ar a laghad agus dá bhrí sin go bhféadfaí an beart aistrithe a fhorfheidhmiú ag am ar bith. Go ginearálta, leag sí béim ar an gcaoi nach bhféadfadh gnáthshaol teaghlaigh a bheith ag na hiarratasóirí mar gheall ar an mbaol go n-aistreofaí iad láithreach, sa mhéid go gcruthaíodh éiginnteacht dóibh. Ina theannta sin, chuir an Verwaltungsgerichtshof (an Chúirt Uachtarach Riaracháin) in iúl go raibh líon suntasach cásanna comhchosúla os a comhair ag an uair sin, amhail údaráis riaracháin na hOstaire, agus go rabhthas ag súil le méadú ar chásanna den sórt sin go luath sa todhchaí mar gheall ar an breithiúnas in Ruiz Zambrano.⁴⁹

Chinn Uachtarán na Cúirte glacadh leis an iarraidh ar PPA. Chuige sin, mheabhraigh sé ar dtús go bhfuil an ceart go n-urramófar saol teaghlaigh ar cheann de na cearta bunúsacha a chosnaítear i ndlíchóras an Chomhphobail agus gur athdhearbhaíodh é in Airteagal 7 den Chairt. Thug sé le fios ina dhiaidh sin go bhféadfaí deireadh a chur leis an éiginnteacht a bhí mar chúis difear do staid na n-iarratasóirí sna príomhimeachtaí le freagra na Cúirte ar na ceistanna a tarchuireadh agus, dá bhrí sin, dá dtabharfaí freagra laistigh de thréimhse an-ghearr ama go gcabhrófaí le deireadh a chur leis an éiginnteacht sin go tapa, a bhí mar chosc ar ghnáthshaol teaghlaigh dóibh.

Ordú an 6 Bealtaine 2014, G. (C-181/14, [EU:C:2014:740](#))

‘Nós imeachta brostaithe’

Sa chás sin, a cuireadh i láthair cheana féin,⁵⁰ dhiúltaigh an Chúirt d’iarraidh ar PPU ón gcúirt a rinne an tarchur. Chinn Uachtarán na Cúirte uaidh féin an cás a chur faoi réir PPA, áfach. Mheas sé go raibh gá leis sin i gcás ina raibh cinneadh chun nó gan duine a fhágáil faoi choinneáil ag brath ar an bhfreagra a bhí le tabhairt ar an gceist arna tarchur, agus air sin amháin. I ndáil leis sin, mheabhraigh sé *inter alia* go bhforáiltear leis an gceathrú fomhír d’Airteagal 267 CFAE go dtabharfaidh an Chúirt a cinneadh a luaithe is féidir má bhaineann an cás atá ar feitheamh os comhair na cúirte náisiúnta le duine atá faoi choinneáil.

Ordú an 5 Meitheamh 2014, Sánchez Morcillo agus Abril García (C-169/14, [EU:C:2014:1388](#))

‘Nós imeachta brostaithe’

Sa chás sin, bhí iasacht faighte ag daoine nádúrtha ó bhanc, agus a bpríomhtheach mar ráthaíocht mhorgáiste léi. Toisc nár comhlíonadh a n-oibleagáid na haisíocaíochtaí míosúla a dhéanamh don iasacht sin, tionscnaíodh imeachtaí um fhorghníomhú na

⁴⁹ Breithiúnas an 8 Márta 2011 (an Mór-Dlísheomra), Ruiz Zambrano (C-34/09, [EU:C:2011:124](#), míreanna 12, 13 agus 15).

⁵⁰ Féach thuas, i gCuid I den Bhileog seo, dar teideal ‘an Nós Imeachta Práinne um Réamhrialú’, Roinn 1 ‘Raon Feidhme an Nós Imeachta Práinne um Réamhrialú’.

morgáiste chun an mhaoín dhochorraithe lena mbaineann a dhíol go héigeantach. Rinne na daoine lena mbaineann agóid i gcoinne na n-imeachtaí sin agus, tar éis go ndearnadh an agóid sin a dhíbhe, rinne siad achomharc os comhair Audiencia Provincial de Castellón (Cúirt Dúiche Castellón, an Spáinn).

Shonraigh an chúirt sin, cé gurb ea in imeachtaí sibhialta na Spáinne ⁵¹ go gceadaítear achomharc a dhéanamh i gcoinne an bhreithiúnais lena gcuirtear deireadh leis na himeachtaí um fhorghníomhú na morgáiste, ina seastar leis an agóid arna taisceadh ag féichiúnaí, nach gceadaítear don fhéichiúnaí ar diúltaíodh dá agóid achomharc a dhéanamh i gcoinne an bhreithiúnais ag an gcéad chéim lena n-ordaítear go leanfar leis na himeachtaí um fhorghníomhú. Bhí amhras ar an gcúirt sin maidir le comhoiriúnacht na reachtaíochta náisiúnta sin leis an gcuspóir maidir le cosaint tomhaltóirí a shaothraítear le Treoir 93/13, ⁵² agus leis an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil, a chumhdaítear in Airteagal 47 den Chairt. I ndáil leis sin, chuir sí in iúl go bhféadfaí go mbeadh sé níos tábhachtaí fós chun an deis a thabhairt do na féichiúnaithe achomharc a dhéanamh ós rud é go bhféadfaí a mheas go raibh téarmaí áirithe den chomhaontú iasachta a bhí i gceist éagórach de réir bhrí Threoir 93/13.

Sa chomhthéacs sin, d'iarr Audiencia Provincial de Castellón (an Chúirt Dúiche, Castellón) go gcuirfí PPA i bhfeidhm, agus í ag cur in iúl go bhféadfaí go mbeadh iarmhairtí suntasacha dlíthiúla sa Spáinn ag gabháil le freagra na Cúirte. Go deimhin, i gcomhthéacs na géarchéime eacnamaíche bhí líon eisceachtúil daoine nádúrtha faoi réir bearta um fhorghníomhú morgáiste in aghaidh a dtithe. Thairis sin, ar bhonn níos sonraí, maidir leis na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, ós rud é nach raibh aon éifeacht fionraíochta ag gabháil lena n-agóid, d'fhéadfaí go ndéanfaí a n-áiteanna cónaithe a dhíol ar ceant sula mbeidh rialú tugtha ag an gCúirt Bhreithiúnais fiú.

Chuir Uachtarán na Cúirte Breithiúnais in iúl gur cásdlí socair é go deimhin nach bhféadfadh imthoisc eisceachtúil is údar le PPA a úsáid a bheith i gceist leis an líon mór daoine nó staideanna dlíthiúla a bhféadfadh baint a bheith acu leis an gcinneadh atá le tabhairt ag an gcúirt a rinne an tarchur a thabhairt tar éis di tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú, iontu féin. Sa chás reatha, áfach, chomh maith le líon na bhféichiúnaithe lena mbaineann, bhí baol ann go gcaillfeadh an t-úinéir a phríomháit chónaithe in éineacht lena theaghlach, a d'fhág i staid an-leochaileach iad. Ba mheasa fós an scéal sin ós rud é, dá gcinnfí go raibh na himeachtaí um fhorghníomhú bunaithe ar chomhaontú iasachta ina raibh téarmaí éagóracha, agus dá ndearbhódh an chúirt náisiúnta go raibh sé ar neamhní, trí na himeachtaí um fhorghníomhú na hiasachta sin a chur ar neamhní, ní bheadh á thabhairt don fhéichiúnaí mar chosaint ach cúiteamh agus

⁵¹ Ley 1/2013, de medidas para reforzar la protección a los deudores hipotecarios, reestructuración de deuda y alquiler social (Dlí 1/2013 maidir le bearta chun féichiúnaithe morgáiste a chosaint, chomh maith le hathstruchtúrú fiachas agus fóirdheontais chíosa) an 14 Bealtaine 2013 (BOE Uimh. 116 an 15 Bealtaine 2013, lch. 36373), lena leasaítear Ley de enjuiciamiento civil (an Cód um nós imeachta sibhialta) an 7 Eanáir 2000 (BOE Uimh. 7 an 8 Eanáir 2000 lch. 575), arna leasú le decreto-ley 7/2013 de medidas urgentes de naturaleza tributaria, presupuestaria y de fomento de la investigación, el desarrollo y la innovación (Dlí Foraithe 7/2013, maidir le forálacha práinneacha airgeadais agus buiséadacha lena gcuirtear chun cinn taighde, forbairt, agus nuálaíocht) an 28 Meitheamh 2013 (BOE Uimh. 155 an 29 Meitheamh 2013, lch. 48767).

⁵² Treoir 93/13/CEE.

ní fhéadfaí an staid a bhí ann roimhe sin ina raibh sé mar úinéir a thí a athbhunú. I bhfianaise na n-imthosca sin agus ós rud é, dá dtabharfadh an Chúirt freagra a luaithe ab fhéidir, gur dócha go gcuirfí teorainn shuntasach leis an mbaol go gcaillfeadh na daoine lena mbaineann cóiríocht, ghlac Uachtarán na Cúirte leis an iarraidh ar PPA.

Ordú an 1 Feabhra 2016, Davis agus páirtithe eile (C-698/15, [EU:C:2016:70](#)) ⁵³

‘Nós imeachta brostaithe’

Sa chás sin, chuir daoine nádúrtha i gcoinne dhlíthiúlacht reachtaíocht na Ríochta Aontaithe ⁵⁴ lenar tugadh cumhacht don Rúnaí Stáit don Roinn Baile cheangal a chur ar oibreoirí teileachumarsáide poiblí na sonraí uile a bhaineann le cumarsáid leictreonach a choinneáil ar feadh uastréimhse 12 mhí, cé nach raibh ábhar na cumarsáide sin san áireamh leis sin. Mheas na daoine sin go raibh an reachtaíocht náisiúnta sin ar neamhréir le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt agus nach raibh sí ag luí leis na ceanglais a leagadh síos in *Digital Rights Ireland agus páirtithe eile*, ⁵⁵ inar dhearbhaigh an Chúirt go raibh Treoir 2006/24 neamhbhailí. ⁵⁶ D'eirigh lena n-achomhairc ag an gcéad chéim, agus rinne an Rúnaí Baile achomharc chuig an Court of Appeal (England & Wales) (Civil Division) (an Chúirt Achomhairc (Sasana agus an Bhreatain Bheag) (Rannán Sibhialta), an Ríocht Aontaithe) ina dhiaidh sin. Rinne an chúirt sin ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais maidir le raon feidhme an bhreithiúnais in *Digital Rights Ireland agus páirtithe eile*. ⁵⁷

Sa chomhthéacs sin, d'iarr an chúirt a rinne an tarchur go gcuirfí PPA i bhfeidhm. Mar thaca leis an iarraidh sin, ar thaobh amháin, shonraigh sí go mba mhaith an rud é an tarchur chun réamhrialú a uamadh leis an gcás *Tele2 Sverige* (C-203/15) a bhí ar feitheamh os comhair na Cúirte ag an uair sin, nó chun iad a phróiseáil go comhthreomhar. Ar an taobh eile, d'áitigh sí go raibh reachtaíocht na Ríochta Aontaithe lena mbaineann le dul in éag an 31 Nollaig 2016 agus go raibh éiginnteacht ann maidir le raon feidhme an bhreithiúnais in *Digital Rights Ireland agus páirtithe eile* ⁵⁸ i ndáil le haon phíosa reachtaíochta a d'fhéadfadh a bheith glactha ag na Ballstáit maidir le sonraí a bhaineann le cumarsáid leictreonach a choinneáil.

Tar éis dó a chinneadh go bhféadfaí go gcuirfí isteach go tromchúiseach ar na cearta bunúsacha a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt leis an reachtaíocht atá i gceist, mheas Uachtarán na Cúirte, dá dtabharfaí freagra laistigh de thréimhse ghearr, go bhféadfaí deireadh a chur leis na héiginnteachtaí a bhí ag an gcúirt a rinne an tarchur maidir leis an gcur isteach sin agus maidir le haon údar a d'fhéadfadh a bheith leis. Ina

⁵³ Féach freisin breithiúnas an 21 Nollaig 2016 (an Mór-Dlísheomra), *Tele2 Sverige agus Watson agus páirtithe eile* (C-203/15 agus C-698/15, [EU:C:2016:970](#)).

⁵⁴ Data Retention and Investigatory Powers Act 2014 (an Dlí maidir le sonraí a choimeád agus cumhachtaí imscrúdaithe, 2014).

⁵⁵ Breithiúnas an 8 Aibreán 2014 (an Mór-Dlísheomra), *Digital Rights Ireland*, (C-293/12 agus C-594/12, [EU:C:2014:238](#)).

⁵⁶ Treoir 2006/24/CE.

⁵⁷ Breithiúnas an 8 Aibreán 2014 (an Mór-Dlísheomra), *Digital Rights Ireland*, (C-293/12 agus C-594/12, [EU:C:2014:238](#)).

⁵⁸ Breithiúnas an 8 Aibreán 2014 (an Mór-Dlísheomra), *Digital Rights Ireland*, (C-293/12 agus C-594/12, [EU:C:2014:238](#)).

theannta sin, dar le hUachtarán na Cúirte, bhí údar le freagra práinneach mar gheall ar thréimhse bailíochta na rialacha sin freisin, i bhfianaise mheon an chomhair atá ina shaintréith den chaidreamh idir cúirteanna na mBallstát agus an Chúirt Bhreithiúnais. Ar na cúiseanna sin, chinn Uachtarán na Cúirte an cás a chur faoi réir PPA.

1.6 Bochtaineacht ábharach

Breithiúnas an 15 Iúil 2021 (an Mór-Dlísheomra), The Department for Communities in Northern Ireland (C-709/20, [EU:C:2021:602](#))

Tarchur chun réamhrialú – Saoránacht an Aontais – Náisiúnach de Bhallstát nach ndéanann aon ghníomhaíocht eacnamaíoch ar a bhfuil cónaí ar chríoch Ballstáit eile ar bhonn an dlí náisiúnta – Airteagal 18, an chéad fhomhír, CFAE – Toirmeasc ar idirdhealú ar fhorais náisiúntachta – Treoir 2004/38/CE – Airteagal 7 – Coinníollacha chun ceart cónaithe a fháil ar feadh tréimhse níos faide ná trí mhí – Airteagal 24 – Sochair chúnamh sóisialta – Coincheap – Cóir chomhionann – Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach – Idirthréimhse – Foráil náisiúnta lena n-eisiatar ó theidlíocht ar chúnamh sóisialta saoránaigh an Aontais a bhfuil ceart cónaithe ar théarma seasta acu faoin dlí náisiúnta – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagail 1, 7 agus 24'

Sa chás sin bhí an duine lena mbaineann, a bhfuil dénáisiúntacht de chuid na Cróite agus na hÍsiltíre aici, ina cónaí sa Ríocht Aontaithe ó 2018 i leith gan aon ghníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh ansin, in éineacht lena páirtí, ar náisiúnach de chuid na hÍsiltíre é, agus lena mbeirt leanaí go dtí gur bhog sí isteach i dtearmann do mhná. Ní raibh aon airgead aici sin.

An 4 Meitheamh 2020, thug an Home Office (Oifig Gnóthaí Baile, an Ríocht Aontaithe) ceart cónaithe shealadaigh di sa Ríocht Aontaithe, ar bhonn scéim nua de chuid na Ríochta Aontaithe is infheidhme maidir le saoránaigh den Aontas atá ina gcónaí sa tír sin, ar scéim í a tugadh isteach i gcomhthéacs na Ríochta Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas. An 8 Meitheamh 2020, rinne sí iarratas ar shochar sóisialta ar a dtugtar Creidmheas Uilíoch (Universal Credit) i dTuaisceart Éireann, ach diúltaíodh dá hiarratas ós rud é, leis an reachtaíocht náisiúnta, go ndéantar saoránaigh den Aontas a bhfuil ceart cónaithe acu arna dheonú ar bhonn an chórais nua a eisiadh ó chatagóir na dtairbhíthe a d'fhéadfadh leas a bhaint as creidmheas uilíoch.

Cheistigh an Appeal Tribunal (Northern Ireland) (an Binse Achomhairc, Tuaisceart Éireann, an Ríocht-Aontaithe), agus achomharc á éisteacht aige i gcoinne an diúltaithe sin, an raibh Acht na Ríochta Aontaithe maidir le Creidmheasa Uilíoch a neamhréir leis an toirmeasc ar idirdhealú ar fhorais náisiúntachta a leagtar síos sa chéad fhomhír d'Airteagal 18 CFAE.

Sa chomhthéacs sin, d'iarr an chúirt sin go gcuirfí PPA i bhfeidhm, agus í ag brath ar an bpráinn a ghabhann leis an gcás sin go follasach agus ar dheacrachtaí airgeadais an duine lena mbaineann.

Ghlac Uachtarán na Cúirte leis an iarratas ar PPA ar bhonn bhochtaineacht ábharach an duine lena mbaineann agus a leanaí agus toisc nach raibh sí in ann, faoin dlí náisiúnta, sochair chúinimh shóisialta a fháil.

1.7 An baol go ndéanfar damáiste tromchúiseach don chomhshaol

Ordú an 13 Aibreán 2016, Pesce agus páirtithe eile (C-78/16 agus C-79/16, [EU:C:2016:251](#)) ⁵⁹

'Nós imeachta brostaithe'

Chun cosc a chur ar leathadh bhaictéir *Xylella fastidiosa*, d'ordaigh Servizio Agricoltura della Regione Puglia (Seirbhís Talmhaíochta Réigiún Puglia, an Iodáil) do dhaoine áirithe a raibh gabháltais thalmhaíochta acu na crainn ológ a cuireadh ar a dtalamh a mharú, crainn a measadh a bheith ionfhabhtaithe leis an mbaictéar sin, chomh maith leis na plandaí óstacha uile laistigh de 100 méadar timpeall ar na crainn ológ sin. Thionscain na húinéirí sin caingne ansin chun na cinntí stoite sin a chur ar neamhní, ar an bhforas go raibh Cinneadh Cur Chun Feidhme 2015/789, ⁶⁰ ar a raibh na cinntí sin bunaithe, contrártha do phrionsabail na comhréireachta agus an réamhchúraim agus go raibh sé curtha ó bhail é mar gheall ar mhainneachtain cúiseanna a lua.

Sna himthosca sin, chinn an Tribunale amministrativo regionale per il Lazio (an Chúirt Réigiúnach Riaracháin, Lazio, an Iodáil), ar tugadh na caingne sin os a comhair, cur chun feidhme na mbeart náisiúnta a bhí i gceist a chur ar fionraí go sealadach agus fiafraigh den Chúirt an raibh Cinneadh Cur Chun Feidhme 2015/789 ag teacht le dlí an Aontais.

D'iarr an chúirt sin freisin go gcuirfí a tarchur chun réamhrialú faoi réir PPA. Mar thaca leis an iarraidh sin, leag sí béim ar an tromchúis a bhí ag baint leis na hiarmhairtí a bheadh ann mar thoradh ar fhorfheidhmiú cinntí chun plandaí a stoithheadh, a rachadh chun dochair ní hamháin do na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, ach freisin do shláine an tírdhreacha, don ghníomhaíocht eacnamaíoch, do cháilíocht an screamhuisce, don slabhra agraibhia agus do shláinte an phobail. Ar an gcaoi chéanna, ní fhéadfaí na cinntí sin a aicmiú mar chinntí sealadacha, ós rud é go mbeadh tionchar cinntitheach aisiompaithe acu ar éiceachóras na bplandaí lena mbaineann nach bhféadfaí dul siar orthu.

⁵⁹ Féach freisin breithiúnas an 9 Meitheamh 2016, *Pesce agus páirtithe eile* (C-78/16 agus C-79/16, [EU:C:2016:428](#)).

⁶⁰ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/789 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2015, maidir le bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh *Xylella fastidiosa* (Wells et al.) laistigh den Aontas (IO 2015 L 125, Ich. 36).

Ghlac uachtarán na Cúirte leis an iarraidh ar PPA. Chuige sin dhearbhaigh sé, ar thaobh amháin, dá leanfaí ar aghaidh leis an bhfionraí ar fhorghníomhú na gcinntí chun na plandaí lena mbaineann a stoitheadh, go bhféadfaí go gcuirfí le scaipeadh *Xylella* san Aontas dá bharr agus, ar an taobh eile, dá gcuirfí na cinntí sin chun feidhme, go bhféadfaí go mbeadh iarmhairtí aige sin ar an timpeallacht nach bhféadfaí dul siar orthu agus go ndéanfaí do na hiarratasóirí nach bhféadfaí a leigheas.

Ordú an 11 Deireadh Fómhair 2017, an Coimisiún v an Pholainn (C-441/17, [EU:C:2017:794](#))

‘Nós imeachta brostaithe’

D'iarr an Coimisiún ar an gCúirt a dhearbhu gur mhainnigh Poblacht na Polainne cuid dá hoibleagáidí faoi Threoracha 92/43⁶¹ ('an Treoir maidir le Gnáthóga') agus 2009/147⁶² ('an Treoir maidir le hÉin') a chomhlíonadh, mar gheall ar oibríochtaí um bainistíocht fhraoise a bhí beartaithe i bhForaois Białowieża ('Puszcza Białowieska'), ceann de na foraoisí nádúrtha is fearr san Eoraip ó thaobh an chaomhnaithe de, atá ar Liosta Oidhreacht Domhanda Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO). Go sonrach, agus é ag tagairt d'fheithid díobhálach a bhí á scaipeadh (*Ips typographus*), d'fhormheas an tAire Środowiska (an tAire Comhshaoil, an Pholainn) leasú ar an bplean um bhainistíocht fhraoise, faoina gceadaítear tuilleadh adhmaid a bhaint, chomh maith le hoibríochtaí i limistéir inar eisiadh aon idirghabháil roimhe sin. Sa chomhthéacs sin bhíothas tosaithe ag baint go leor crainn.

Sa chás sin, ar an gcéad dul síos, ghlac Uachtarán na Cúirte cheana féin le hiarraidh an Choimisiúin go dtabharfaí tosaíocht don chás. Ar an dara dul síos, de bhun Airteagal 160(7) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, d'ordaigh an Leas-Uachtarán do Phoblacht na Polainne cur chun feidhme na n-oibríochtaí bainistíochta fhraoise lena mbaineann a chur ar fionraí go dtí go dtabharfaí an t-ordú lena gcuirfí deireadh leis na himeachtaí eatramhacha arna dtionscnamh ag an gCoimisiún⁶³ Mar sin féin, chinn Uachtarán na Cúirte uaidh féin an nós imeachta brostaithe a chur i bhfeidhm. I ndáil leis sin, chinn sé gur léir ón díospóid idir an Coimisiún agus Poblacht na Polainne go raibh rioscaí iarbhir ann don chomhshaol a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach. Ar thaobh amháin, dar le Poblacht na Polainne, dá gcuirfí síneadh le fionraí na n-oibríochtaí bainistithe fhraoise sin, d'fhéadfaí go gcuirfí le scaipeadh na feithidí díobhálacha, rud a chuirfeadh isteach go mór ar éiceachóras Fharaois Białowieża agus, dá bhrí sin, a dhéanfadh damáiste don chomhshaol sa chaoi go bhféadfadh sé a bheith ina bhagairt dhíreach ar shaol agus ar shláinte an duine. Ar an taobh eile, dar leis an gCoimisiún, dá gcuirfí na hoibríochtaí sin chun feidhme, d'fhéadfaí go mbeadh iarmhairtí aige sin nach bhféadfaí dul siar orthu ar ghnáthóga nádúrtha agus ar speicis ainmhithe, dá dtagraítear

⁶¹ Treoir 92/43/CEE.

⁶² Treoir 2009/147/CE.

⁶³ Féach thíos, fós i gCuid II den Bhileog seo, dar teideal 'an Nós Imeachta Brostaithe', Roinn '2'. 'An ceangal idir an nós imeachta brostaithe i gcaingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh agus bearta idirlinne'.

sa Treoir maidir le Gnáthóga agus sa Treoir maidir le hÉin, a raibh láithreán Natura 2000 Puszcz Białowieska beartaithe chun iad a chaomhnú. Sna himthosca sin, chinn Uachtarán na Cúirte, dá dtabharfaí freagra laistigh de thréimhse ghearr maidir le comhréireacht na n-oibríochtaí bainistíochta foraoise sin le dlí an Aontais in, go bhféadfaí maolú a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as síneadh a chur lena bhfionraí nó as a gcur chun feidhme.

1.8 An baol go mbeidh saoirse ó phionós i líon mór cásanna

Breithiúnas an 21 Nollaig 2021 (an Mór-Dlísheomra), Euro Box Promotion agus páirtithe eile (C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, [EU:C:2021:1034](#))

(Tarchur chun réamhrialú – Cinneadh 2006/928/CE – Sásra um chomhar agus um fhíorú ar dhul chun cinn sa Rómáin chun aghaidh a thabhairt ar thagarmharcanna sonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe – Cineál dlíthiúil agus éifeachtaí dlíthiúla – Oibleagáid ar an Rómáin – Smacht reatha – Neamhspleáchas na mbreithiúna – Airteagal 19(1), CFAE, an dara mír – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Comhrac i gcoinne an éillithe – Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint – Airteagal 325(1) CFAE – Coinbhinsiún “PIF” – Nósanna imeachta coiriúla – Breithiúnais ón Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil, an Rómáin) maidir le dlíthiúlacht fianaise áirithe agus comhdhéanamh painéal breithiúna i gcásanna éillithe thromchúisigh – Dualgas ar bhreithiúna náisiúnta lánéifeacht a thabhairt do chinntí Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil) – Dliteanas araíonachta breithiúna i gcás nach n-urramaítear breithiúnais – An chumhacht cinntí Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil) atá ar neamhréir le dlí an Aontais Eorpaigh a fhágáil gan feidhm – Prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais Eorpaigh)

I gcásanna C-357/19, C-547/19, C-811/19 Agus C-840/19, bhí daoine áirithe ciontaithe ag an Înalta Curte de Casație și Justiție (an Ard-Chúirt um Achomharc agus um Cheartas, an Rómáin ‘HCCJ’) lena n-áirítear iarfheisirí agus iarAirí parlaiminte, as cionta chalaois CBL, éillithe, agus gáinneála tionchair, go háirithe i ndáil le cistí Eorpacha a bhainistiú. Chuir Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil, an Rómáin) na cinntí sin ar neamhní ar an bhforas go raibh comhdhéanamh phainéil na breithiúna neamhdhleathach ós rud é, ar thaobh amháin, gur cheart go mbeadh na cásanna ar thug an HCCJ rialú ina leith ag an gcéadchéim á n-éisteacht ag painéil is saineolaithe i ndáil leis an gcalaois agus, ar an taobh eile, sna cásanna inar thug an HCCJ rialú ar achomharc, gur cheart go mbeadh na breithimh ar fad roghnaithe trí chrannchur.

I gCás C-379/19, tugadh imeachtaí coiriúla os comhair Tribunalul Bihor (an Chúirt Réigiúnach, Bihor, an Rómáin) i gcoinne roinnt daoine ar cuireadh calaois agus mangaireacht tionchair ina leith. Agus iarraidh go ndéanfaí fianaise a eisiamh os a comhair, bhí ar an gcúirt sin aghaidh a thabhairt ar chásdlí na Cúirte Bunreachtúla inar dearbhaíodh nach bhfuil sé bunreachtúil fianaise a bhailiú i ndáil le hábhair choiriúla le cúnamh ó Sheirbhís Faisnéise na Rómáine, sa chaoi gur ghá an fhianaise lena mbaineann a eisiamh ó na himeachtaí coiriúla go cúlghabhálach.

Sna cásanna sin, bhain na díospóidí sna príomhimeachtaí le hathchóiriú ar an gcóras ceartais sa chomhrac i gcoinne an éillithe sa Rómáin, ar thug an Chúirt breithiúnas ina leith cheana féin.⁶⁴ Cheistigh na cúirteanna a rinne an tarchur an bhféadfaí dlí an Aontais a shárú tríd an gcásdlí a tháinig ó chinntí éagsúla ó Curtea Constituțională a României (an Chúirt Bhunreachtúil) maidir leis na rialacha nós imeachta coiriúla is infheidhme maidir le calaois agus éilliú a chur chun feidhme, go háirithe forálacha dhlí an Aontais atá beartaithe chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus neamhspleáchas na mbreithiúna agus luach an smachta reachta a ráthú, chomh maith le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais.

D'iarr na cúirteanna a rinne an tarchur i gCásanna C-357/19, C-379/19, C-811/19 agus C-840/19 go gcuirfí PPA i bhfeidhm, agus iad ag maíomh go raibh gá le freagra laistigh de thréimhse ghearr ama i bhfianaise chás na ndaoine lenar bhain na príomhimeachtaí. Maidir le Cásanna C-357/19, C-811/19 agus C-840/19 go sonrach, d'áitigh siad freisin go raibh an baol ann go mbeadh sé níos deacra an pionós a fhorghníomhú, dá mbeadh sé ann, le himeacht ama.

Maidir le Cásanna C-357/19 agus C-379/19, chinn an Chúirt nár ghá glacadh leis an iarraidh sin. Mar sin féin, thug Uachtarán na Cúirte tosaíocht do na cásanna sin, ar bhonn Airteagal 53(3) de na Rialacha Nós Imeachta.

Os a choinne sin, maidir le Cásanna C-811/19 agus C-840/19, chinn Uachtarán na Cúirte gur léir ó na cásanna sin, arna léiriú in éineacht le Cásanna C-357/19 agus C-379/19, go raibh éiginnteacht i gcúirteanna na Rómáine maidir le dlí an Aontais a léiriú agus a chur i bhfeidhm i líon mór cásanna coiriúla ina raibh baol ann go rachadh an tréimhse theorann in éag agus, dá bhrí sin, go mbeadh baol saoirse ó phionós ann. Sna himthosca sin, agus i bhfianaise staid na himeartha i gCásanna C-357/19, C-379/19 agus C-547/19, inar ardaíodh ceisteanna comhchosúla maidir le dlí an Aontais a léiriú, chinn Uachtarán na Cúirte nós imeachta brostaithe a chur i bhfeidhm i gCásanna C-811/19 agus C-840/19.

⁶⁴ Breithiúnas an 18 Bealtaine 2021, Asociația 'Forumul Judecătorilor din România' agus páirtithe eile (C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, [EU:C:2021:393](#)).

2. An ceangal idir an nós imeachta brostaithe I gcaingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh agus bearta idirlinne

Ordú an 11 Deireadh Fómhair 2017, an Coimisiún v an Pholainn (C-441/17, [EU:C:2017:794](#))

‘Nós imeachta brostaithe’

Mar atá leagtha amach thuas, ⁶⁵ thug an Coimisiún caingean mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh i gcoinne Phoblacht na Polainne agus é ag iarraidh go ndéanfaí dearbhú gur mhainnigh sí a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus faoin Treoir maidir le hÉin. Sa chomhthéacs sin, rinne an Coimisiún iarratas ar bhearta idirlinne, de bhun Airteagal 279 CFAE agus Airteagal 160(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, chun go nglacfaí bearta idirlinne go dtí go dtabharfadh an Chúirt Bhreithiúnais rialú i leith shubstaint an cháis.

D'iarr an Coimisiún freisin, de bhun Airteagal 160(7) de na Rialacha Nós Imeachta sin, go nglacfaí na bearta idirlinne sin fiú sula mbeadh barúlacha curtha isteach ag Poblacht na Polainne, mar gheall ar an mbaol go ndéanfaí dochar tromchúiseach nach bhféadfaí a leigheas do na gnáthóga agus do shláine láithreán Natura 2000 Puszcza Białowieska. Ghlac Leas-Uachtarán na Cúirte leis an iarraidh sin agus d'ordaigh sé do Phoblacht na Polainne forghníomhú na n-oibríochtaí bainistíochta foraoise lena mbaineann a chur ar fionraí, ach amháin i gcás bagairt don tslándáil phoiblí a bheith ann, go dtí go dtabharfaí an t-ordú chun na bearta idirlinne a fhoirceannadh (ordú an 27 Iúil 2017, *an Coimisiún v an Pholainn*, C-441/17 R, [EU:C:2017:622](#)).

Maidir leis an ngaol idir an t-iarratas ar bhearta idirlinne agus an nós imeachta brostaithe arna chur i bhfeidhm ag Uachtarán na Cúirte Breithiúnais uaidh féin, dhearbhaigh sé sin, cé gur fíor go raibh an t-iarratas ar bhearta idirlinne fós os comhair na Cúirte, nárbh ionann a chuspóir ná na coinníollacha is údar lena chur i bhfeidhm agus na cinn a ghabhann leis an nós imeachta brostaithe. Sa chás sin, ba chosúil, gan dochar don ordú lena bhfoirceanntar na himeachtaí idirlinne, go raibh údar le cur i bhfeidhm an nós imeachta brostaithe de bharr chineál an cháis sin (chun na cúiseanna arna leagan amach a fheiceáil, féach thuas, Roinn 1.7. ‘An baol go ndéanfaí damáiste tromchúiseach don chomhshaol’).

⁶⁵ Féach thuas, fós i gCuid II den Bhileog seo, dar teideal ‘an Nós Imeachta Brostaithe’, Roinn 1.7. ‘An baol go ndéanfar damáiste tromchúiseach don chomhshaol’.

Ordú an 15 Samhain 2018, an Coimisiún v an Pholainn (C-619/18, [EU:C:2018:910](#))

‘Nós imeachta brostaithe’

Mar atá leagtha amach thuas, ⁶⁶ thug an Coimisiún caingean mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh i gcoinne Phoblacht na Polainne agus é ag iarraidh go ndearbhófaí, tríd an Dlí nua maidir leis an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn) a ghlacadh, gur mhainnigh an Pholainn ina hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE agus faoi Airteagal 47 den Chairt. Sa chomhthéacs sin, rinne an Coimisiún iarratas ar bhearta idirlinne, ar bhonn Airteagal 279 CFAE agus Airteagal 160(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, chun go nglacfaí bearta idirlinne go dtí go dtabharfadh an Chúirt Bhreithiúnais rialú i leith shubstaint an cháis.

Ina theannta sin, de bhun Airteagal 160(7) de Rialacha Nós Imeachta go nglacfaí na bearta idirlinne sin fiú sula mbeadh barúlacha curtha isteach ag Poblacht na Polainne, mar gheall ar an mbaol go ndéanfaí dochar tromchúiseach láithreach nach bhféadfaí a leigheas do phrionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí i gcomhthéacs chur i bhfeidhm dhlí an Aontais. Ghlac Leas-Uachtarán na Cúirte leis an iarraidh sin. Dá réir sin d’ordaigh sí do Phoblacht na Polainne, láithreach agus go dtí go dtabharfaí an t-ordú chun na bearta idirlinne a fhoirceannadh, ar an gcéad dul síos, cur i bhfeidhm forálacha áirithe den Dlí maidir leis an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) a chur ar fionraí; ar an dara dul síos, na bearta uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú go bhféadfadh breithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) ar bhain an dlí sin leo a ndualgais a chomhlíonadh sa phost sin agus an stádas, na cearta, agus na coinníollacha fostaíochta a bhí acu ar dháta theacht i bhfeidhm an dlí sin fós acu; ar an tríú dul síos, staonadh ó aon bheart a ghlacadh chun breithiúna a cheapadh ar an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), nó chun Céad-Uachtarán nua na cúirte sin a cheapadh nó chun an duine atá freagrach as an gcúirt sin a stiúradh seachas a céad Uachtaráin a shonrú; ar an gceathrú dul síos, fógra a thabhairt don Choimisiún, ar bhonn míosúil, maidir na bearta uile arna nglacadh chun an t-ordú sin a chomhlíonadh (ordú an 19 Deireadh Fómhair 2018, *an Coimisiún v an Pholainn*, C-619/18 R, [EU:C:2018:852](#)).

Maidir leis an ngaol idir an t-iarratas ar bhearta idirlinne agus an nós imeachta brostaithe arna chur i bhfeidhm ag Uachtarán na Cúirte Breithiúnais uaidh féin, dhearbhaigh sí sin, cé gur fíor go raibh an t-iarratas ar bhearta idirlinne fós os comhair na Cúirte, gur ghlac Leas-Uachtarán na Cúirte na bearta idirlinne arna n-iarraidh ag an gCoimisiún, agus go mbeadh éifeachtaí acu go dtí go ndéanfaí an t-ordú lena ndéanfaí na bearta idirlinne a fhoirceannadh. Dá réir sin, shonraigh Uachtarán na Cúirte, dá gcoimeádfadh an Chúirt Bhreithiúnais, san ordú a bhí le teacht uaidh, na bearta eatramhacha arna nglacadh nuair a bhí an t-ordú sin ar feitheamh, go rachadh sé chun

⁶⁶ Féach thuas, fós i gCuid II den Bhileog seo, dar teideal ‘an Nós Imeachta Brostaithe’, Roinn 1.2. ‘Tromchúis ar leith na neamhchinnteachta dlíthiúla lena mbaineann an tarchur chun réamhrialú’.

leasa Phoblacht na Polainne féin na príomhimeachtaí sa chás sin a dhúnadh a luaithe is féidir, ionas go bhféadfaí na bearta sin a fhoirceannadh agus na saincheisteanna a ardaíodh sa chás sin a réiteach go cinntitheach. Ina theannta sin, chuir Uachtarán na Cúirte in iúl in aon chás nach ionann cuspóir iarratas ar bhearta eatramhacha ná na coinníollacha lena chur i bhfeidhm agus na cinn a ghabhann leis an nós imeachta brostaithe. Sa chás sin, ba chosúil, gan dochar do na cinntí arna nglacadh san ordú lena bhfoirceanntar na bearta idirlinne, go raibh údar leis an nós imeachta brostaithe a chur i bhfeidhm de bharr chineál an cháis (ar na cúiseanna a leagtar amach thuas faoi Roinn 1.2. 'Tromchúis ar leith na neamhchinnteachta dlíthiúla lena mbaineann an tarchur chun réamhrialú').



CÚIRT BHRÉITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

Stiúrtóireacht um Thaighde agus Dhoiciméadacht

Meán Fómhair 2024